Latines, Italians, and other doe proue sufficiently. That our tong is able in that kynde to do as praise-worthely as ye rest, the honorable stile of the noble earle of Surrey, and the weightinesse of the depewitted sir Thomas Wyat the elders verse, with seuerall graces in sondry good Englishe writers, doe show abundantly. It resteth now (gentle reder) that thou thinke it not euill doon, to publish, to the honor of the Englishe tong, and for profit of the studious of Englishe eloquence, those workes which the vngentle horders vp of such treasure haue heretofore enuied thee. And for this point (good reder) thine own profit and pleasure, in these presently, and in moe hereafter, shal answere for my defence. If parhappes some mislike the statelinesse of stile remoued from the rude skill of common eares: I aske help of the learned to defend their learned frendes, the authors of this work: And I exhort the vnlearned, by reding to learne to be more skilfull, and to purge that swinelike grossnesse, that maketh the swete maierome not to smell to their delight."

So to-day let the learned defend their learned friends, the authors of these poems. And the "kind of people called the bards, which are to them instead of poets" will be avenged upon Edmund Spenser.

ROBIN FLOWER.

DÁNTA GRÁDHA

1

[1]

Aoibhinn, a leabhráin, do thriall
i gceann ainne na gciabh gam ;
truagh gan tusa im riocht i bpéin
is mise féin ag dul ann.

5 A leabhráin bhig, aoibhinn duit
ag triall mar a bhfuil mo ghrádh ;
an béal loinneardha mar chrú
do-chífe tú, 's an déad bán.

10 Do-chífe tusa an rosg glas,
do-chífir fós an bhas tláith ;
biaidh tú, 's ní bhiad-sa, fa-raor !
taobh ar thaobh 's an choimhgeal bhláith

5 Do-chífe tú an mhala chaol
's an bhráighe shaor sholas shéimh,
's an ghruaidh dhrithleannach mar ghrís
do chonnarc i bhfís a-réir.

An com sneachtaidhe seang slán
 dá dtug mise grádh gan chéill,
 's an troigh mhéirgheal fhadúr bhán
 do-chífe tú lán do sgéimh.

An glór taidhiúir síthe séimh
 do chuir mise i bpéin gach laoi
 cluinfir, is ba haoibhinn duid ;
 uch† gan† mo chuid bheith mar taoi !

*melancholy, plaintive,
sympathetic*

2

Aoibhinn an galar grádh mná,
 ní do b'annamh dá rádh riamh ;
 grádh marbhtach don taobh is-toigh
 beatha is aoibhne dár chruth Dia.

Bídh sé mar is aoibhne lais,
 ní luigh orchra air ná aois ;
 cionnas do-gheabha sé bás,
 an tí do-bheir grádh do mhnaoi?

*wasting, withering,
death, decay*

Leór leis féin a mhéad do fhlaith,
 beag a shuim i maith ná i maoin ;
 an tí do-bheir 's do-gheibh grádh
 do fhan sé go bráth fá aoibh.

3

Céad slán iomráidh do na mnáibh,
 cuideachta chroidhe is sáimh méin ;
 maithim féin a luighe rúin,
 ionnta is mó mo dhúil fán ngréin.

5 Céad slán iomráidh dhóibh a-nocht,
 guth ar mhnáibh is olc an chiall ;
 gibé lerab fuath an dream,
 atáim-se i ngeall ortha riamh.

10 Ní dhearnsadh aonolc dá mhéad,
 bíoth go dtuitfeadh mór gcéad ann,
 nár bh'fhiú iad a léigean leó,—
 beannacht dá mbeó is dá marbh.

15 Tar a ráidhid ris an druing,
 ní thuigim, ar tuinn ná ar tír,
 dá mbeinn-se dá mheas go brách,
 créad do-ghéanadh cách dá ndíth.

Dá mbeith nách biadh an dream suairc
 nách léig inn fá ghruaim do ghnáth,
 20 í bhfad uainne nó dár gcóir,
 is beag liom dóibh mo chéad slán.

A dhaoine do sgríobhas go lochtach ar mhnáibh,
 Saoilim nách críona bhar n-obair gan áird,
 Is aonmhaith nár fríth san domhan go-dtrást
 Nách trítha do shíolraig, mar is follas do chách.

4

(*v. Quiggin, Book of the Dean of Lismore, p. 75.*)

4

Mairg adeir olc ris na mnáibh !
bheith dá n-éagnach ní dáil chruinn ;
a bhfuadar do ghuth riamh
dom aithne ní hiad do thuill.

5 Binn a mbriathra, gasta a nglór,
aicme rerab mór mo bháidh ;
a gcáineadh is mairg nár loc ;
mairg adeir olc ris na mnáibh.

10 Ní dhéanaid fionghal ná feall,
ná ní ar a mbeith grainc† ná gráin ;
ní sháraighid cill ná clog ;
mairg adeir olc ris na mnáibh.

15 Ní tháinig riamh acht ó mhnaoi
easbag ná rí (dearbhtha an dáil),
ná príomhfháidh ar nách biadh locht ;
mairg adeir olc ris na mnáibh.

20 †Agá gcroidhe bhíos a ngeall ;
ionmhain leó duine seang slán,—
fada go ngeabhdaoís a chol ;
mairg adeir olc ris na mnáibh.

Duine arsaidh leathan liath
ní hé a mian dul 'na dháil ;
annsa leó an buinneán óg bocht ;
mairg adeir olc ris na mnáibh !

—*Gearóid Iarla.*

5

✓ ✓
 Fir na Fódla ar ndul d'éag
 do ghean ar ghné na rosg nglas,
 ✕ muna raibh eire óir ar a folt,
 dar leó féin is olc an dath.

5 Ní hionann iad is mé féin ;
 dar liomsa ní clé an chiall,
 ní fearr liom dath dá mbia ar a súil
 ná an dath bhíos ar chlúmh na bhfiach. ✕

10 Ní iarraim iomad don rós
 'na haghaidh, ná ór 'na gruaig ;
 ait liom lí cailce ar a corp,
 is a folt ar dhath an ghuail.

15 Dubh do bhí máthair na mná
 tréar cuireadh ar lár an Trae,
 's do bhí a hingean mhaiseach mhór
 go ndeallradh óir ar a céibh. ✓

20 Cé do bhí an dias bhéildearg bhinn
 bean díobh fionn agus bean dubh,
 níor bh'fheas d'aon dá bhfacaidh iad
 cé don dias do b'áille cruth. ✓

Péarla croinn† ar n-a cheangal d'ór,
 do mhnaoi bhig is mór mo ghean ;
 beag do hórdaigheadh ar dtúis
 an t-each, an chú, 's an bhean.

25 Do-ghéan m'fhaoisidín ós árd,
inneósad do chách mo chaoi,
cuid is mó dá ndearna d'olc
nách faicthear dam locht ar mhnaoi!

damh?

30 Ní locht liom uirthi a beith beag,
ní misde leam a beith mór;
sáith ríogh ar leabaidh 's ar láimh
gach inghean árd álainn óg.

35 Muna raibh a cneas mar chuip,
nó mar shneachta cnuic gan clódh, ^{? untródam, unbeatán}
ní locht liom uirthi a beith ciar,
geanamhail iad ó bheith crón. ^{swartly, brown}

✓ 40 Cuma liom a beith 'na siair
nó a beith ó iaith Inse Craobh,
acht amháin gur dúbalta an grádh
ag na mnáibh ó bheith 'na ngaol.

Ní do na mnáibh glioca a-mháin
do-bheirim fós grádh nó gnaoi; ^{pleasure, liking, love.}
aithne an bhiolair tar an bhféar
níor bheag liom do chéill ag mnaoi.

45 Ionmhain liom (maith do-ním)
'na baintreabhaigh í is 'na hóigh;
gidh maith anmhain ris an aois,
is maiseach í ó bheith óg.

slightly troublesome
serious (grave)

Maith bean i n-eaglais na naomh,
tromdha ar tulaigh, caomh 'na teach;
romhaith liom í lán do lúth
nuair is éigean dúinn bheith leamh.

impotent, foolish
sarcastic,
unimportant

Ní bhfaghaim locht—bríogh mo sgéil—
 ar mhnaoi fán ngréin acht bheith sean ;
 55 is óg ar dhá fhichid iad,—
 's léigthear a mhian do gach fear.

—*Riocard do Búrc.*

6

Do-bhéaram seal re saobhnós,
 ní bhiam re baothghlór banda ;
 na mná dhíobh ba díol tola
 ní hiad a-nosa is annsa.

*anger, folly, infatuation
 most attractive?*

5 Acht gidh iad na mná sgiamhdha
 is mó iarrthar le fearaibh,
 isí an bhean díobh badh Gráinne
 badh sáimhe liom im leabaidh.

10 Agam dá mbeadh an bhantracht,
 mná Alban is mná Sagsan,
 do b'fhearr liom beagán páirte
 ón mnaoi is Gráinne dá bhfaca.

15 Bheith gan choirce gan chruithneacht
 beag do thuigeas gur bh'easbhaidh ;
 ní ionnta do bhí ar gcáisne,
 acht bheith gan Ghráinne is eagail.

20 Níor cheist oram dá ndéineadh
 goid nó éigean ó dtiocfainn ;
 mo mhallacht ar m'fhear páirte
 nár fhágaibh Gráinne im iothlainn.

Bean is Gráinne don bhantracht,
bheith 'na hanna ní shéanfam;
tug sí mo chiall ar claochlódh,—
seal re saobhnós do-bhéaram!

—*Laoiseach Mac an Bhaird.*

7

Sgéal ar dhiamhair na suirghe
inneósad duibhse go frosach,
ós damh is cóir a sheóladh
mar do rónadh í ar dtosach.

5 Mac ríogh ó Chorca Dhuibhne,
Diarmaid na bruinne báine,
an céidfhear ar ar fionnadh
ionga thabhairt do Ghráinne.

10 Macaomh eile tug annsacht
do mhnaoi do bhantracht na Gréige,
Cú-chulainn na gcleas n-iongnadh,
is leis do rinneadh an sméideadh.

15 Lá dhá raibh i ndiaidh seilge
go bhfuair Deirdre ag dul 'na brógaibh,
Naoise, an fear fial fosaidh,
isé do thosaigh na póga.

20 Uaithne mac Conaill Chearnaigh,
seabhac na sealga sirthe,
ar an suirghe chuir cumaoín,
claonadh an mhuiníl do righne.

wikip

? brāca's

? questip

Ábhartach ón tsídh bhallaigh
nách gabhadh cumha ó ghallsmacht,
le hubhlaibh na gcrann gcaithne *arbutus berries*
is leis do caitheadh an bhantracht.

25 Céadach mac Rí na dTolach,*
fear nár throdach i dtigh óla,
is leis do croitheadh an t-uisge
ar mhnáibh cnisgheala Fódla.

30 Aonghas ó Bhrugh na Bóinne,
mac an Óig an bhruit chorcra,
ar inghin ghruagaigh na sithleadh†
is leis do righneadh an folcadh.

35 Glas mac Aoinchearda Béarra,
'gá bhfaghthaoi sgéala suarca,
is leis do léigeadh an osnadh
ar bhruach locha na Luachra.

? cap.
(cf. Loch Luachra,
Tipp. Baon.)

40 Silleadh súl, gearradh† feadáin†,
suirghe Mhongáin mhic Fhiachra;
guth caoin do chur le téadaibh
maith do bhréagfadh bean fhiata.

Mise féin—móide an donas—
d'osgail doras an éada
is nár dhruid é go tapaidh;
ag sin agaibh mo sgéala!

sítal (Lat. situla) vessel for drawing water, a bucket
sítalad, sítalád : straining, filtering; flowing, pouring
forth, draining away; melting, softening.

8

Neimhthinn an galar é an grádh,
 bréag a ráidhid cách dá thaoibh ;
 éinneach riamh ní raibhe slán
 ag nách raibhe grádh do mhnaoi.

5 Grádh mná 'gá bhfuilim i láimh,
 ní bhiam tríd ag dáil na ndeór.
 is fada ó do-ghéabhainn bás,
 acht an grádh dom chongbháil beó.

10 Do chongaibh mé m'fheoil is m'fhuil
 do ghrádh ainne an chuirp mar ghéis .
 ithim mórán, do-ním suan,
 in gach ceól is buan mo spéis.

15 Moille mé ná crann re sruth ;
 atá mo ghuth ar mo bhreith ;
 dá mbeidís bruit Leithe Cuinn
 fá mo dhruim, do bheith sé te.

20 Is teó an teine ná mo chneas,
 dá mbeinn fá eas do bheinn fuar ;
 dá ndeacha duine seang slán,
 do-ghéabha mé bás go luath.

Toramsa do thiocfadh téad,
 is fliche mo bhéal ná an sponc,
 dar fia ! ní íobhainn an loch,
 is cruaidhe cloch ná mo bholg. ✓

sponge, tinder, spark

* ? leg. *Highidh gach droichsgéal a-mach*
: Drive forth all evil tidings (2 pl. Imperat.
of E. Ir. agid drives on. ain)

25 Aithnim nách oidhche an lá,
 aithnim an bád tar an luing,
 aithnim an dubh tar an mbán,
 tar a bhfuil do ghrádh fám thuinn.

30 Aithnim nách capall an fiadh,
 aithnim nách é an sliabh an mhuir,
 aithnim an beag tar an mór,
 aithnim nách é an rón an chuí. [^] [^]

35 Cuid do dheireadh báid ós tuinn
 is seacht gcuill ar nách bíd cna,
 an t-ainm fá bhfuilim i mbroid ;
 is aon do sgoil bheanfas as.

40 Aoinbhean is annsa fán ghréin,—
 ní bhia mé níos sia dá cheilt—
 ní rug a grádh uaim mo chonn ; ^X
 dar an Rígh, ní holl mo neimh ! ^{sense, reason}
 —Cúchonnacht Ó Cléirigh.

9

✓ Aghaidh gach droichsgéil a-mach ! ^{*}
 ní chuala mé cath ba mó
 ná a bhfuil ag éag leis an ngrádh :
 is iongnadh dhúinn mar tám beó.

5 Taom grádha do mhnaoi fán ngréin ^{disp, torrent, fit, sudden}
 ní thugas féin, feirrde liom, ^{motion or attack}
 's noch a dtiubhar go dtí an bás ;
 ní beag leam cách ina ghioll. ^X

* ? cuil = cail f. an old female ; an old mare, ass ; a crowns trout
 ~ cuil = fly ?

Na fir-se ag dul d'éag don ghrádh
 10 fúigfid siad na mná dá n-éis ;
eadamair éistfidhear rinn
 muna bhé beó acht sinn féin.

= surely (i. no-
 jetemmar)

Na fir shuairce-se théid d'éag,
 mé an t-aon do chéad gan dul leó ;
 15 a Chríost, créad fá bhfaghainn bás
 's go bhfaghthar mná is anmhain beó? ✓

An lucht so atá uaibh i bpéin,
 más fíor dóibh féin, i riocht mhairbh,
 léigid míle cnead is uch,
 20 a Dhé, go dtí an guth fón ngairm. 17

Na daoithe nár pheacaigh riamh,
 (uch, a Mhuire !) a chiabh na gclann,
 is mairg duitse atá dá mbreódh,
 bíodh gur cuma a mbeó nó a marbh.

A Mhic Muire, nách ait dúinn
 25 iad ag seargadh súil re bás?
 mo thruaighe daoithe na nduadh,
 's nách aithnid dóibh fuath ná grádh. *tal, handship, sorrow, agony*

Daoine ag magadh fútha féin,
 30 dá rádh go mbíd i bpéin bháis,
 dá bhagar go rachaid d'éag,—
 iongnadh an gléas meallta ar mhnáibh.

Créad fá gcreidfinn duine féin
 dá rádh riom go dtéid d'éag,
 35 's nách tig claochlódh ar a chruth?
Fear, a Chríost, ar lucht na mbréag!

10

Beag linn ar mbeannacht don mbás ;
 ní diomdhach dhe mar chách mé ;
 fada go mbeinn-se ar a gcor,
 an drong chaoineas fod a ré.

5 Más fíor nách maireann acht sinn,
 is tuirseach damhsa linn féin ;
 mór an mhaidhm-se tug an grádh ;
 duine ar n-imtheacht a hár mé !

*oice, election, the
 ick, the flower*
 10

Forgla a bhfaicim-se do chách
 isé a marthain is cás léó ;
 ní duine eatarra sein
 gibé do thairgfeadh bheith beó.

Cuid dá maoidheann bheith re bás
 aithne dhamhsa mar tád sin ;
 15 ar ghrádh Chríost ná habraid é,
 is mairg ina méinn † is-tigh.

Duine beó dá rádh nách mair,
 (och, a Mhuire !) is ait an sgeól ;
 do-chluinim daoine ag dul d'éag
 20 's badh bheag an sgéal a mbeith beó.

Níor hadhlacadh a leath sin,
 an mhéad dá dtugadh ris bás ;
 truagh a gcuirthear air do bhréig }
 atá flaitheas Dé ag an ngrádh. }

25 Go gcead dá gcluanaireacht féin,
 na fir sin théid d'éag don ghrádh,
 fiarfaigh dhíobh an deimhin leó
 nách bhfuigheadh duine beó mná.

flattery, treachery, snub

30 Gach peannaid bhréige 'na mbíd
 gach iomlat leamh do-ní siad,—
 a bhean bhog, do mheallfadh súd
 †go madh measa thú ná Dia.

35 An mhéad ghoireas ar an mbás
 (gion gurb é a n-olc ar gcás tinn),
 dá dtige fó ghairm na bhfear,
 ar mbeannacht leó ní beag linn.

11

Tuirseach sin, a mhacaoimh mná !
 do bheith dubhach níor ghnáth leat ;
 a los h'innmhe i measg do ghaoil,
 's iongnadh liom do mhaoith, a bhean.

5 Gibé heile is damhna dhuit,
 ní mheasaim go bhfuil ar h'óidh
 éinneach romhad dá bhfuair bás ;
 noch a dtuigim fáth do bhróin.

10 H'osna luath, do labhairt mhall,—
 is cosmhail ribhse, a bharr síodh,
 gur imthigh ní éigin ort,—
 ag sin do chruth ar ndol díot.

Do-chím gur chlaochló a niamh,—
 an ghruaidh thibhreach, an chiabh thiogh,
 an troigh réidh, an bhrágha bhán ;
 cosmhail go dtugais grádh d'fhior.

shing, dimpled
 15

Fear ar talmhain dár char tú
 ná ceil orm, a chúl na sreabh ;
 ná fulaing níos foide i bpéin,
 dá madh mise féin an fear.

20

Cead suirghe do-gheabhthá uam,
 a bhéal tana ar snuadh na subh :
 do thuigfinn do bheith i bpéin,—
 do bhí mise féin id chruth.

25

An grádh baoth-sin tugais damh
 dá bhfeasainn ort, a bhas shlim,
 san mbruid sin ní léigfinn tú ;
 truagh nár léigis do rún rinn.

30

Má tá go dtugais grádh dhamh,
 fá a chur chugam ná gabh sgáth ;
 beag dhligheas an náire dhíot ;
 aithne dhamh mar bhíos an grádh.

*throw thyself
 my mercy*

35

Caith oram, a urla fiar,
 badh leat gach ní i mbia do chuid ;
 mo bhréagadh red bhruinne bhán
 ca fios nách bhfuil i ndán duit ?

40

Tar ghuidhe mná is docair dul ;
 bí dom aslach, a chruth fial,
 gan fios nách dtiucfadh an uair
 ina bhfuightheá uaim do mhian.

Ní beag dhuit ar léigis thort,
 tréig h'aithmhéala, nocht do rún,
 druid anall, ná bí mar soin,
 féach an cruth-soin i bhfoil tú!

—*Laoiseach Mac an Bhard.*

12

Coisg do dheór, a mhacaoimh mná,
 's ná creid go bráth lucht na mbréag; ^{= tattlers, scandal-mongers}
 ní bhfuil bean dá bhfuil mo ghrádh
 is ní bhiaidh tráth acht thú féin.

5 Iomdha ainnir mhánla shuairc ^{sedate, stately, pleasant}
 ar gach bruach don loch-sa thíos, ^{affable, gentle}
 ag iarraidh mo mheallta uait,
 is ná bíodh gruaim ortsa tríd.

10 Ní bhfuil bean dá háille gruaidh, ^{modest, gentle}
 gibé stuaim do bheith 'na méin, ^{modest, gentle}
 do bheanfadh mé dhíot re cluain; ^{modest, gentle}
 bí go suairc, is ná creid bréag! ^{modest, gentle}

A Róise bheag mhómhar is snasta guth cinn,
 Is glórmhar do cheól-sa ar maidin, 's is binn;
 15 Is mór meas do mhó-sa dá n-aithris, dar linn;
 Is más só leat mo phóg-sa, be sí agat gan ruiñ!

[2]

13

ae freisige
a country,
secret treasure ?
clúdach

A bhean fuair an falachán,
do-chiú ar fud do chiabh snáithmhín
ní as a bhfuighthear achmhasán
d'fholt Absolóin mhic Dháivídh.

5 Atá ar do chéibh chleachtsholais
cf. p. 22 ealta chuach i gceas naoidhean; X
ní labhraid an ealta-soin,
's do bhuidhir sí gach aoinfhear.

10 Do bharr fáinneach fionnfhada
roichidh fád rosgaibh áille,
na ruisg corra criostalta
go mbíd 'na gclochaibh fáinne.

15 Maise nua do thógbhais-se,
gibé tír as a dtáinig,—
do lámh gan idh órdaighthe
is céad fáinne fád bhráighid. ✓

20 Do chas an cúl tláthbhuidhe
timcheall an mhuinéil dírih :
iomdha idh fón mbrághaid-sin,—
prisoner is brágha í dá-ríribh ! X

I mbrat an bhrollaigh ghil-se
ní bhiadh an dealg droighin-se,
dá mbeith, a Mhór bhéildearg bhinn,
an éindealg d'ór i nÉirinn.

5 San mbrat-sa níor chóir do chur
acht dealg d'fhionndruine uasal,
nó dealg iongantach d'ór cheard,
a Mhór bhionnfhoclach bhéildearg.

10 A fholt lag ar lí an ómra,
a chur id bhrat bhreacórdha,
a stuaigh chobhsaidh nár chealg fear, *solid, firm, less*
níor chosmhail dealg don droighean.

15 Níor churtha, a chnú mo chroidhe,
id bhrat eangach iolbhuidhe,
a ghruaidh dhearg do-ghéabhadh geall,
acht dealg do-ghéanadh Gaibhneann.

A ghruadh chorera do char mé,
gan dealg óir acht an uair-se
ar feadh na huaire, a ghlac ghlan,
20 do bhrat uaine do b'annamh. ✓

—Fearchar Ó Maoilchiardín.

15

“ Cionnas atá m'éanghrádh-sa
anois d'fhearaibh an bheatha?
Is adhbhar dom ghéarchrádh-sa
do chloistin i gcás deacra.”

5 “ Gus anois do shaoileasa
go raibhe mo shearc leibhse,
a ainnear nua naoidheanta,
nó go gcuala an sgéal eile.”

10 “ Ná bíodh ríom do rothuirse,
ó nách sgéal fire fuarais;
ní raibhe cuid comhairle
dhamh i n-aoinní dá gcualais.”

15 “ A ríoghan fhionn úrghasta,
aithnighim orm do neimhchion; *aithnim sean*
leat ar son mo dhúthrachta
do marbhadh mé fá dheireadh.”

20 “ Fir domhain ar éintslighe
dá marbhainn gus an am-sa,
is duitse, a shaoir shéimhidhe,
do-bhéarainn deireadh marbhtha.”

“ Do ghrádh gé mór chomaidhe, *? mutual joy*
a bhean go n-éagosg deaghmhna,
fa grádh do chionn comaoine
nó gur dhearbhais do neamhghrádh.”

25 “ Do b'fhearr liom it fhochair-se,
 ós duit tugas mo chéadchais,
 inás ríge an domhain-se
 do bheith agam it éagmhais.”

30 “ Más fíor {gach} a n-abrai-se,
 ní beite dhúinn go dubhach ;
 beag leigheas mo ghalair-se ;
 ní bhiú feasta acht go subhach.”

16

Féach orm, a inghean Eóghain ;
 mé ón éag-sa† aithbheódhaigh,
 cidh ní is doidhéanta dhíbh sin,
 a roiréalta shídh† shoilbhir.

5 Ná bí mar chách im choinne,
 féach dár-íribh orainne,
 (ní hé gurb infhéachta ar ndreach)
 a bhé chinéalta chráibhtheach.

10 Is fada an tréimhse a-tú sonn,
 gan aire ag aonmhnaoi oram ;
 a mhian slóigh bhasana† Bhreagh
 fóir mh'easbadha is mh'éigean.

Muna bhfóirthear led dhreich nduinn
 gach anbhuain dá bhfuil orainn,
 dul fá chriaidh is críoch dom cheas ;
 ní fríoth ó liaigh mo leigheas.

agony, torment,
 misery

15

grief, affliction, dose

Córaide leigheas mo luit,
do thréigear gach ógh ordhraic
ort, gér bh'fhoiréadmhar le cách,
a fholt foighéagach fionnbhláth.

20

tressy

other form
fós
Dibhse bhós, a bhriathar nár,
do radas toil is tromghrádh,
gér chúis anbhuaine a dháil duit,
a bhanGhuaire Chláir Chormaic.

25

Coimhead mo chroidhe le a chois
tug mé dhuitse le díoghrais ;
's an uair do b'fhéidir a dháil,
uaibh níor bh'fhéidir a fhagháil.

*along with, in addition to,
moreover.*

30

Is mar sin fós, tar gach fear,
(ní hiongnadh mé dá mhaoidheamh)
ag cur do chlú tar sál soir
a-tú, is fá Chlár Chobhthaigh.

35

Do léigeamar a-rís ruibh
tar ógmháibh Inse Tuathail
rún nár nochtamar do neach,
a chúl foltramhar fáinneach.

40

A los ina ndearna dhuid
fóirthear ribh tráth mo threabhlaid ;
's í uair an éigeantais so,
a stuaigh ghéiggealtais ghrianda.

Cuir arís le tromghrádh te
do lámha i gcoinne a chéile,
a chraobh fhionn-sa ara gnáth gear,
'na bhfonnsa tráth im thimcheal.

loop, felt, band

45 Le póig badh milse ná mil
 sín chugam i n-áit uaignigh,
 a chiabh fhionnfholtach éan gcruinn, *cf. p. 17*
 an béal bionnfhoclach balsaim.

50 Tabhair arís led bhais bháin
 fásghadh docht ar mo dheasláimh ; *tight, hard, close*
 fág rian do ghlainmheóir im ghlaic
 dom aimhdheóin, a fhial ordhraic.

55 Do rosg chomh réidh re gluine *crystal*
 tógaibh gan fhios d'aonduine,
 a chúl réidh tioghchladhach trom,
 *'s féagh go friochnamhach oram. *diligent, careful,
sharp.*

60 *Do bheith mar sin badh bádach,
 is bheith soilbhir soghrádhach,
 fán† toirmisgthe tráth ar ndoigh ; *comp. stítel, darrg
pain*
 soibhriste snáth ar saoghail.

189 F. 17.
 Ós bás do-gheabhad go grad,
 so amháin a n-iarraim orad,—
 *(tú féin ag an éag badh crádh)
 ná féag do sgéimh id sgáthán.

65 Sul mhealla sé sinn ar-aon,
 ná féach ar an bhfolt bhfionnchlaon :
 lugha sgéal duine ná dís,
 a ghluine mar néimh nuaighrís.

70 Mar sin fós, is cian ro clos,
 sgéal neamhghnáth ar Narcissus,
 an fear ba sgiamhaighe sgéimh,
fiadhaidhe na bhfeadh bhfoiltréidh. *beliefs?*

Ar ngabháil dó (dia do bhail)

lá éigin le taobh tobair,

*do dhearc san tsruth nár shearbh sreabh
a chruth, a dhealbh, 's a dhéineamh.

Tug sé grádh fíochmhar folaigh

go baothchroidheach banamhail

*dá ghnúis fhinnmhíolla féin,

gur chúis dimbriogha doiséin.

furious, fierce, cruel

*v. sin RIA Dict (form
with long vowel introduced
for sake of rhyme)*

A sgáth féin do mhill an mac ;

do bhí bhós agá iomlat,

go dtug bás dó, mar deirthear ;

gá mó cás dá gcuimhnighthear ?

Ná mealltar sibhse mar sin,—

ort féin go fíorghlic foiligh,

a fhionnfholtach is séimh socht,

do sgéimh iongantach éadrocht.

*bright brilliant ; clear,
manifest*

Do dhá chích comhbhán re laogh,

foiligh iad, a bhas bharrchaol,

's an dearc úr mharbhrosnach † mhall,

's an cúl*gaibhleasgach † géagcham.

Foiligh fós an béal mar shuibh,

's an dá ghruaidh mar ghréin tsamhraidh,

barr na gcaobh bhfíthe bhfeactha,

's an taobh síthe soineanta.

serene, fair, quiet, pleasant

*Choidhche arís ná féach orra,

glaca míne méarchorra,

*troigh ghealmhálla is trácht † buinn,

sál is seangmhálla séaghainn.

sole of the foot, instep

distinguished, comely, beautiful

75

80

85

90

95

100

níl aon áit le faighil ort, there is no gainip a point on you, you
are incorrigible, also you are inflexible

24

*Muna dtí dot áilleacht féin
do bhuaidhreadh, a gheal ghnúisréidh,
*do chách ní sobhuainte ruibh,
dobhuailte gach áth oraibh.

105 Dá mealltá re silleadh súl
fir Éireann, a chiabh chladhúr,
mo-nuar! ní soimheallta sibh,
a stuagh shoineanta shoilbhir.

secure, fair, just,
pleasant.

110 Usaide dhíbh, a dhreach nár,
goid mo chroidhe óm cheartlár,
ón ngoid cidh gearrshaoghlach mé,
neambaoghlach doid a ndlighe.

secure, safe
from danger

115 A-tá an tuath go léir ruibh;
's dá mbeadh aonduine it aghaidh,
ní duit nách compánach cill,
a chruit tiompánach théidbhinn.

Tug uait aiseag mo chridhe,
a ghnúis álainn† ainglidhe,
a ré fhiornár ghorm mar ghloin,
is orm re fíorghrádh féachaidh!

soon, distinguished
person

120

—Ó Géardín.

Celtic Miscellany, p. 109 (no. 46)

17

Ná bí dom buaidhreadh, a bhean,
cuiream d'aontaoibh ar n-aigheadh,
tú mo chéile i gClár na bhFionn,
lámh tar a chéile cuiream.

5 Cuir an béal ar snuadh na subh
rem béal, a chneas mar chubhar ;
sín an ghéag chneasaolta chorr
tar mhéad th'esaonta oram.

10 Ná bí níos foide, a shéimh sheang,
gan bheith tairise im thimcheall ;
leig id chuilt, a mhínsheang, mé,
síneam ar gcuirp re chéile.

15 Mar do thréigeas, a thaobh slim,
ortsa gach aoinbhean d'Éirinn,
a dhéineamh más éidir ann,
tréigidh gach éinfhear oram.

20 Mar do dháileas dod dhéad gheal
an toil nách éidir d'áireamh,
cóir a dháil damhsa mar so,
bhar n-annsa, sa cháil chéadna.

*amount, share,
quantity*

Celtic Miscellany, p. 116 (no. 55)

18

'Sí mo ghrádh
an bhean is mó bhíos dom chrádh ;
annsa í óm dhéanamh tinn
ná an bhean do-ghéanadh sinn slán.

5 'Sí mo shearc
bean nár fhágaibh ionnam neart,
bean nách léigfeadh im dhiaidh och,
bean nách cuirfeadh cloch im leacht.

'Sí mo stór
 10 bean an ruisg uaine mar phór,
 bean nách cuirfeadh lámh fám chionn,
 bean nách luighfeadh liom ar ór.

'Sí mo rún
 bean nách innseann éinní dhún,
 15 bean nách cloiseann ní fán ngréin,
 bean nách déim {orm} silleadh súl.

Mór mo chás,
 iongna a fhad go bhfaghaim bás ;
 an bhean nách tiubhradh taobh liom,
 20 dar mo mhionn, isí mo ghrádh.

19

A mhac-alla dheas,
 duit ós feas a lán,
 créad, a ghlórach ghrinn,
 do-bheir sinn dár gcrádh?—Grádh.

5 Grádh, dár ndóich, ní headh ;
 aithne damhsa an gearn ;
 innis damh go fíor.
 mo shnuadh dhíom cé bhean?—Bean.

Más bean mar gach mnaoi,
 10 a Dhé bhí, fo-dear
 mo chéadfadh do chlódh,—
 uch, dár ndóich, ní headh!—Ní headh.

Munab eadh atá bé
 do Thuathaibh-dé dom chrádh ;
 15 leigheas i ndán damh
 innis damh má tá.—Atá.

A shíogaí ghlic ghrinn,
 friotail rinn go réidh
 créad is leigheas damh ;
 20 níor fhionnas ort bréag.—Éag.

Más é an t-éag go dimhin
 foircheann fire† ar bpian
 é do dhruidim liom
 do b'ait liom, dar fia.—Dar fia.

Dar fia féin do b'ait,
 a ghlac ghlan gan ghó ;
 25 gidh eadh, ar do bhás
 ná cluineadh Cáit só.—Cad so ?

Cad so an diabhail ort,
 a thrú nár loc bréag,
 30 fáth do mhagaidh can
 faoi Cháit is glan déad.—Éad !

Más trí Narcissus tréan
 ataoi ag éad ret olc,
 35 beag an díth, dar Duach,
 a dhul uait fán loch.—Och !

Och is míle mairg
 do-chluinim agaibh gach laoi ;
 créad atá libh dá luadh,
 40 a chú chuarta an chaoi?—Caoi.

Do chaoi Narcissus náir
do rug bárr gach gnaoi
sguir, is go rug Cáit
a bhárr so, más fíor.—Is fíor.

45 Beannacht ar do bhéal
nár chan bréag i-niu ;
ó taoi ag dul i bhfad
cuirim leat *adieu*.—Adieu !
—*Cearbhall Ó Dálaigh*.

20

Fuar dó féin an croidhe tinn,
do chuireas tríom rinn mo dhearc ;
fuaras a dheimhin uaim féin
nách i bhfaillighe théid searc. *neglect, delay, failin*

5 Éagóir nách aigeórainn air,
mar tá an croidhe do thail mná ;
eisean féin do rad an seirc,
beag más caointe a bheith mar tá.

10 Admhaim fós nách beadhgfainn leis,
an croidhe luath-so im leith chlí ;
aithfear dósan níor dhligh mé,
eólas damh ní hé do-ní.

15 Reagar a leas drud mo shúl,
atáid siad ag súgh mo neirt,
reanna mo dhearc ag dul trín,
is orra féin do-níd beirt.

Foghlach damhsa mo dhearc féin
is dearc eile, gi-bé hí ;
fada mo phian, gearr mo lá,
ón lucht uilc-se a-tá ar mo thí.

20

Leaca bháindearg is braoi dhubh,
aghaidh thintidhe is ucht fuar,
luid do reannaibh a rosg gcorr
do rad áladh orm, mo nuar.

Arm díobhraigtheach nár dhoirt m'fhuil
siar trém chroidhe do chuir sí,
éinbhean is luige fán mbiorth,
mo neart uile ciodh fár shní?

25

Torchair míle romham riamh
don ghalar-so, is iad slán ;
taothas féin mar gach fear dhíobh,
teagmhaid neithe bhíos i ndán.

30

Ainm fir acht gan uathadh ann
i dtosach mo rann atá ;
a dhuine ar a bhfuil 'na shnaidhm,
féach ar deireadh ainm na mná.

35

— Fear flatha (Ó Gnímh)

21

Saobh do chiall, a chroidhe leamh ;
mór do leagadh leat dá barr
saoilim {féin} dá ndeachthá d'éag
tgo mbiadh do leimhe tar th'éis {ann}.

5 A chroidhe rolearnh bocht baoth,
 uch! goḟ dtugasa taobh leat;
 mairg nách gan chroidhe atám riamh;
 truagh do chiall, a chroidhe leamh.

10 Ní thuigeann tusa thú féin,
 neach fán ngréin ní tuigtear leat;
 mairg atá agad i ngiall;
 saobh do chiall, a chroidhe leamh.

22

Mairg dara galar grádh baoth,
 mairg, fa-raor, do bheith mar táim;
 ní hiomdha neach ar mo nós
 dá bhfuil fós i nInis Fáil.

5 Colladh ní fhéadaim ná suan,
 i n-éinní ní buan mo spéis;
 mairg duine do bheith mar tám
 do ghrádh mná an chuirp mar ghéis.

10 Inghean tséaghainn an fhuilt tslim,
 isí sin do mhill mo ghné;
 innisim fós, gibé fáth,
 go gcuirfe a grádh mise i gcré.

15 Smólach bheag agus lon dubh,
 agus naoi gcoill 'na gcruth féin,—
 ainm na mná dá dtugas grádh,
 tré bhfuilim do ghnáth i bpéin.

Uaithi sin atáim gan bhrígh,
 is tá mo chlí fós dá chailg,
 *an uair smuainim a beith dá luadh ;
 damhsa féin is buan an mhairg.

23

Mór mo ghalar do ghrádh mná,
 a grádh dom ghoin gach aonlá ;
 an ghéag bhonnbhán bhinn gan locht ;
 is lomlán inn dá hannsacht.

5 A béal dearg 's a gruadh ghairthe,
 mo thoil dáibh is deaghaithe,
 dá corp ghlan mar chlár cubhair
 nár chan acht glár geanamhail.

10 Ní teinn galar acht an grádh,
 innis do ghéig na ngeallámh,
 stuagh fhannlámhach go gcorp chaomh,
 na bhfolt ngabhlánach ngéagchlaon.

Ní lór linn do reic mo rúin
 acht finnbhean don phréimh rechteúil†,
 15 lúb thaoibhgheal nár thréig mo thoil
 's nár léig aoinfhear 'na hiomdhaidh.

*Ocht goill nách d'fhiodhbhaidh na cruinne
 tarla idir thrí consaine,—

ainm na mná do mhear mo chéill :

20 mo ghean mar tá gan toibhéim. *blemish, reproach,*
scandal

24

Ní truagh galar acht grádh falaigh,—
 uch, is fada gur smuain mé ;
 ní bhiad níos sia gan a nochtadh,
 mo ghrádh folaigh don tseing shéimh.

5 *bushy* Tugas grádh nách féadaim d'fholach
 dá folt cochlach, dá rún leasg,
 dá malainn chaoil, dá rosg gorm{ghlas},
 dá déid shocair, dá gnúis tais.

10 *Tugas fós, gion go n-admhaim,
 grádh mar mh'anam dá píp réidh,
 dá guth róibhinn, dá béal blasta,
 dá hucht sneachtmhar, dá cígh ghéir.

dark, melancholy
 15 Uch, mo-nuar ! ní théid i ndearmad
 mo ghrádh sgamlach† dá corp geal,
 †dá troigh shlimchirt, dá trácht tana,
 †dá gáire rín, dá crobh tais. *tender hand*

*Bíodh nár fionnadh riamh ruimhe
 méad mo chumainn dí tar chách,
 ní bhfuil, ní bhiaidh, is níor imthigh
 20 bean is truime ghoid mo ghrádh.

25

Ionmhain, a bhean, h'oirneadh folt,
 ionmhain aithne do rosg nglas ;
 más ionann leat is do bhás,
 ionmhain tú go brách, a bhean.

5 Ionmhain troightheach bonnbhán bog ;
 ionmhain, roionmhain, rosg mall,
 glasramhar righin a thriall,
 atá mh'anam i ngiall ann.

Ionmhain seingchneas mar chaol con,
 ionmhain aitheasg is docht rún ;
 (nár thí sé adram is Dia !)
 ionmhain órfholt is lia lúb.

15 Ionmhain gan dearmad déad ceart,
 ionmhain seangbhraoi is tearc clúmh ;
 gan a n-iomrádh ní fhéad neach,
 ní tualaing searc déanamh rúin.

20 Ionmhain áineas nó a fearg riom,
 ionmhain crádh go hionn a meóir
 (deireadh dá gach cogadh síoth),
 ionmhain cíogh mar uigh <an> eóin.

A ró seirce isé rom-shearg ;
 créad fá ngeabhadh fearg í ?
 dá grádh, ar olca riom féin,
 dá bhfaghainn bás, créad é an díth ?

*slow**tight, strict, hard, close**iron: end, point of a
spear, tip.**abundance,
plenty, excess**fully
full**vice, address
10*

26

Léig díot t'airm, a mhacaimh mná,
 muna fearr leat cách do lot ;
 muna léigir th'airm-se dhíot,
 *cuirfead bannaí† dáirithe† ort.

5 Má chuireann tú th'airm ar gcúl,
 foiligh feasta do chúl cas,
 ná léig leis do bhrághaid bhán
 nár léig duine do chách as.

10 Má shíleann tú féin, a bhean,
 nár mharbhais aon theas ná thuaidh,
 do mharbh silleadh do shúl rín
 cách uile gan sgín gan tuaigh.

15 Dar leat acht cé maol do ghlún,
 dar fós acht cé húr do ghlac,
 do loitsead a bhfacaidh iad,—
 ní fearra dhuit sgiath is ga.

20 Foiligh oram th'ucht mar aol,
 ná feicear fós do thaobh nocht‡ ;
 ar ghrádh Chríost ná feiceadh cách
 do chíogh rógheal mar bhláth dos.

Foiligh oram do rosg rín,
 má théid ar mharbhais dínnt‡ leat ;
 ar ghrádh th'anma dún do bhéal,
 ná feiceadh aon do dhéad gheal.

25 Más leór leat ar chuiris tim,
 sul a gcuirthear sinn i gcré,
 a bhean atá rem ro-chlaoiṫ,
 *na hairm-sin díotsa léig.

—*Piaras Feiriteur.*

27

[4]

Gluais, a litir, ná léig sgís
 go bhfaice tú a-rís í féin ;
 fiafraigh dí an bhfuigheam bás,
 nó an mbiam go bráth i bpéin.

5 Más í an phian do dheónaigh damh,
 fiafraigh dí gá fad an phian ;
 nó más bás do-bhéara dhúinn,
 fiafraigh {dí} gá húir i mbiam.

10 An sgéal fada ní hé is fearr,
 mithigh leam a chur i gcéill :
 mun bhfuil furtacht damh i ndán,
 faghaim go luath an bás féin.

15 An bás féin dá dtuga dhúinn,
 mo chur i n-úir do bheinn réidh,
 ós mo chionn dá sgríobhadh sí :
 'Ag so an tí do mharbh mé.'

20 I gcrích Alban ar bheith séimh
 is ann thoghaim féin mo chur,
 mar a luighfeadh sí ar mo leacht,
 's mar a mbiadh sí ar m'fheart ag gul.

158 Sim perat.

I ndóigh go dteagmhadh[†] damh[†] dul
's go ligeadh[†] sí ar[†] gcur i gcré,
deifriugh ort is beir mo sgéal;
bí ag imtheacht go géar, is gluais.

28

✓ [5]

Aoibhinn duit, a dhuine dhoill!
saoth liom gan t'aineamh orainn;
do b'fhearr tocht fám radharc ruinn;
socht óm amharc ní fhaghaim.

5 Dá n-iarrainn, níor bh'fheirrde dhamh,—
bheith slán dá héis ní iarrabh;
maigh dár cinneadh, a Dhé dhil,
silleadh an té rom-theimhligh.

da' heise i ndán

10 Tárfás^x damh, ní dheachaidh leam,
inghean ro b'iongnadh inneall;
troigh sheangfhaobhrach do mhear mé,
gearrshaoghlach fear a feithmhe!

15 Ní i ndóigh nách muirfeadh mé,—
truagh nách tig aoinfheacht oile
(ní do tharbha dhí ná dhamh)
ón adhbha i mbí do bhunadh.

< mairbhain

20 Ruisg nách mairbhe meise féin,
glór meirbh nách mairbhe iadséin,
na hiolfhaobhair ler mharbh mé,
arm ionaonaigh, dom aithne.

Aithreach damh (ní doiligh linn!),
 meisde mh'óidh agus mh'inntinn,
 ar dtonn bháite, ar n-adhart olc,
 an radharc cráite ad-chonnarc.

*rabhanta ar n-olc,
 an barr ar ár ndonas*

- 25 Mairg don mharbthóir do mharbh mé,
 leis nách truagh mar tú trithe
 im throich bhí a haithle mh'anma;
 ro shní mh'aithne is mh'urlabhra.

dat. sg. fem. of beo'

Celtic Miscellany, p. 114 (No. 52)

29

Is aoibhinn duit, a dhuine dhuil,
 nách faiceann puinn de na mnáibh;
 och! dá bhfaicfeá a bhfaiceann sinn,
 do bheifeá tinn mar táim.

- 5 Is trua, a Dhia, nách dall do bhíos
 sul do chinn a cúl casta,
 a corp sneachta slisgheal saor;
 och! is saoth liom mo bheatha.

- 10 Daoine dalla ba trua lium
 gur fhás mo ghuais tar pháir cháich;
 tugas mo thrua, cé trua, ar thnúth;
 i lúib na lúb ag lúib a-táim.

- 15 Is mairg riamh do chonnaire í,
 's is mairg nách faiceann í gach lá;
 is mairg ar a bhfuil snaidhm dá searc,
 's is mairg sgaoilte as a-tá.

Is mairg do théid dá fios,
 is mairg nách fuil dá fios do ghnáth ;
 is mairg duine bhíodh 'na haice,
 20 's is mairg nách 'na haice tá.

—*Uilliam Ruadh.*

30

Och ! och ! a Mhuire bhúidh,
 a Bhuime Dé,
 tugas grádh m'anma do mhnaoi
 ler marbhadh mé.

5 Atá an toil, a Mhuire mhór,
 'na tuile thréin ;
 do mharbh sin do láthair mé,
 a Mháthair Dé.

10 Tugas grádh m'anma do mhnaoi,
 ach ! a Dhé,
 's ní ráinig liom a innsin dí
 gur milleadh mé.

15 Grádh dá geilchígh is gile gné,
 mar lile ar lí,
 's dá folt dualach druimneach dlúth
 is ualach dí.

20 Grádh dá gealghnúis chriostail mar rós,
 nár chiontaigh re haon,
 's dá dhá gealghlaic leabhra lúith
 ler mealladh † mé.

Rug a haolchorp sleamhain slán
 mo mheabhair uaim ;
 milseacht a gotha 's a glóir,
 mé im othar uaidh.

25 Atáim 'na diaidh, ochán, och !
 im bhochtán bhocht ;
 truagh gan an sluagh-sa ar mo leacht
 ag cruachadh cloch.

30 Truagh gan bráithre ag mianán orm
 re siansán salm, x
 ó tharla mé, a Mhuire mheirbh,
 im dhuine mharbh.

35 Amhrán a béil, bile mar rós,
 milis mar thúis,
 do chuir mé ar buile báis,—
 cá cruinne cúis?

*complete, perfect, coherent,
 accurate.*

40 A ógh ler cheanglas mo chruth,
 do cheanglais mo chorp ;
 féach do réir chéille agus chirt
 ar n-éiric ort.

Fóir mé, ós féidir leat,
 a ghéag gan locht ;
 fóir mé le comhrádh do chuirp,
 ochán, och !

—Domhnall Mac Carthaigh (an chéad Iarla).

x friars reciting over me with resounding psalms (Dinn.)

31

Atá grádh nách admhaim oirn,
 grádh mná nách abraim a hainm,
 don troigh ghealúir, don mhín mheirbh
 don deilbh shídh, don mhearshúil mhairbh.

5 Eala mhála go néimh naoi
 do bhláth† bhréige† an bheatha cé,
 corp seang is soineanta lí, *serene, fair, quiet, pleasant,*
 doimheallta í, is do mheall mé. *innocent.*

10 Ní truaighe, ní truime páis
 mar smuainim uirre tre fhís;
 uch! mon-uar sinn bocht dá héis,
 corp mar ghéis is gruadh mar ghrís.

15 Gnúis déadbhán is dile liom,
 mo chéadghrádh cridhe im chom,
 rosg glas gan cháidhe 'na chionn, *blemish, defilement, spot*
 is fionn bráighe, bas is bonn.

20 Ionmhain tagra milis mall
 cantar san inis is fhearr;
 ionmhain leaba chíoghbhán chorr,
 míonchlár trom {is} seada seang. *slim, long, tapering*

Ríoghan† ghrianda iomshlán óg,
 biad-sa dá hiomrádh go héag,
 cúl fionnbhuidhe, folt na lúb,
 a locht súd siobhlaighe a séad.

- 25 Ciall mo mhillte is lia 's is lia
 i mbriathraibh milse na mná;
 *a gruaidh shíodh tré choir crú ? sin, crime
 dom ghoin a-nú tríom a-tá.
 —Tadhg (mac Diarmada) Ó Dálaigh.

32

[Complete poem in
Gaelic, 239 ff.]

- A bhean na gcíoch gcórrsholas,
 noch do chonnarc ó chianaibh,
 mo bheith ag coill th'óghachta
 badh aoibhne leam 'ná iarlacht.
- 5 Mairg do nocht im ghoire-se
 th'ucht is do chíocha corra;
 mó do threaghd mo chroidhe-se
 mar do fhéachamar ortha.
- A Dhé, is beag dom dhonas-sa
 10 i measg an tighe uile
 féachain ar th'ucht solas-sa
 ré ndul dom leabaidh luighe.
- Níor chollas uair d'éanoíche,
 ó tharla mh'aire ar th'fhéachain,
 15 gan osna nó éagcaoine
 fád cheann-sa, a dhreach dhéadla. daring, bold, brave,
 confident
- Mé d'fhéachain ar th'aolucht-sa—
 truagh nár dalladh mé ruimhe;
 20 mór do ghearr dom shaoghal-sa
 féachain an ochta gil-se.

Ní tug cú dá céadchuaine,
 ná lacha do linn uisge,
 ná bean d'fhear {na h}éanuair
 oiread mo ghrádha dhuitse.

25

Bím le hiomad t'ionmhaine
 ag tuile bhróin dom báthadh ;
 mh'fhortacht, a chúl fionnbhuidhe,
 ní thiocfa do shíol Ádhaimh.

30

Mar bhím gan do radharc-sa,
 ní fhuilngim bheith it éagmhais ;
 bheith trian uaire it amharc-sa
 ní fhéadaim, a shaor shéaghain.

35

Mo chroidhe do roghortaigh
 méad mo ghráidh dod dhreich gcoimhthe
 dóthain phrionnsa d'osnadhaigh
 do-géabhthar uaim gach n-oidhche.

? < coimhthe
 ach: strange,
 foreign, wild, shy,
 haughty, disdainful.

40

Bím ag iarraidh uaigneasa
 mar fhortacht mór dom aigneadh ;
 do bheith ort ag smuainteaghadh
 ní fhéadaim cách do chaidreamh.

Ní chreidim uaidh aonluighe,
 gé madh eólach é ortsa,
 damh dá ndearbhadh aonduine
 nách tú is áille san domhan.

45

Ní chreidfinn ó phríomhfháidhibh
 go dtáinig do shíol Ádhaimh
 aonainnir ba fíoráille
 ná thusa, a throigh bhántais.

50 Go ríomhthar na réaltana,
 nó drúcht ar féar faichthe,
 trian mo ghrádhá éagmhaise *longing desire for one at a*
 go brách ní fhéadfainn d'aithris. *distance*

55 Snámh i n-aghaidh tréantuile,
 nó is cur gaid um ghainimh, x
 cur rem leigheas d'éanduine
 ón toil don mhnaoi do radas.

60 Nách nár don mhnaoi shéaghain-se
 bheith dom mhealladh gan adhbhar
 's nár mheallas féin éanduine
 do mhnáibh ná d'fhearaihb talmhan.

• • • • •
 Mar táim d'éis a grádhaighthe,
 uaidh muna fhaghar fortacht,
 deimhin damh go háirithe
 go dtiocfa dhe mo dhochar.

hazel tree,
ter C. ⁶⁵

elder tree,
letter R.

Coll is nion go nuaghloine,
 is dá choll ar n-a gceangal,
ruis is coll go cruadhshnoighthe,
 ainm na mná so dom mhealladh.

nion, ruis, an ash-tree, the
letter N.

70 Gibé bhias re síorthuigse,
 atá an sloinneadh re leanmhain
 mar ainm ar shruth fhíoruisge
 thiar isan Mumhain meadhraigh.

75 Bean do-ní mo dhochar-sa
 ó nách lamhaim a guidhe,
 mé d'fhortacht ón rothoil-se
 sirim ar Oighre Muire.

Ar mbeannacht mar dhlighim dheit,
 a bhean-úd do-bher ar mbás,
 uch! is cuma leat cé dhíbh,
 mo bheith-si tinn tríbh nó slán.

5 Bheith dhuit rem shaoghal i bpén
 beag an tarbha 'na dtéd dún;
 gach a dtugas duit do ghrádh
 is dérc i soitheach lán súd.

10 Ní dhlighim do rádh acht fíor,
 ag sin ag cách críoch mo sgéal;
 ní chuirfinn i gcás ar n-olc
 dá ngabhthá uaim ar ndol d'éag.

Do chabhair ní bheanfam chéll,
 gidh doirbh bheith i bpén do ghnáth;
 15 anaidh fear sona le séan,
 saoilim mo dhol d'éag dod ghrádh.

*ní chuirfead mo
 chéill ar
 chabhair
 (faosann) fíor*

20 A bhfuilid ann thoir is tiar,
 ar son gur damnadh iad lat,
 gach a ndeachaidh d'éag dod ghrádh,
 fuaradar uile bás glan.

A ndeachaidh don tsaoghal róibh
 ionann dóibh is bheith go maith;
 ní fhuilid agaibh i bpén,
 daoine sona an mhéd nách mair!

34

[7]

A dhuine chollas go sáimh,
 ní hionann dáil damhsa is duit ;
 is lór dhíbh bhar méad do rígh,
 ní tharla an grádh ar tí h'uilec.

5 Mór na tiodhlaicthe fuair tú,
 do damnaigheadh don tnúth inn ;
 ní comhairleach ort an grádh,
 ní hionann is mar tá rinn.

Do rinne Dia grása ort,—
 10 ní tusa an bocht lán do phén,
 ní chluinim h'osnadh ná h'uch,
 níor thrég tusa do chruth fén.

Fá-ríor ! ní hionann 's ar nós,
 (breth a bhuidhe ní mór dhuit !)
 15 ní heagail ribh gan dul d'éag,
 ní hionann is méad ar n-uilec.

Peannaid shíordhaidhe mo ghlóir,
 mallacht sinsir do chóidh fúinn ;
 fada go gcredfinn ón bhás
 20 go bhfuil oidhidh i ndán dúinn.

Beag dom dhonas nár mhúin mé
 gach a gcuala i bpén ón ghrádh ;
 do shaoil mise nách beinn leamh,
 's do-rinneadh leam fear-mar-chách.

25 Gidh mór an truaighe mar tám,
 ná caoineadh cách méad mo phian ;
 cead leam ar chlaochló dom chruth,—
 maith is neasa don ulc riamh.

30 Do dhealaigh rium éag go bráth ;
 dár mbeth slán do cuireadh súil ;
 mé gach éanlá i dtós mo phian,
 míle bliadhan gach dia dhúin.

Ní críonna na daoine-se lán do chéll
 Re saoiltear nách ríoghacht mar tám i bpén ;
 An chnaoi-bheatha^x a mbím-se is do ghrásaibh Dé ;
 Ní haoibhneas ní ar bith ach bás gan éag !

on sumption ; ³⁵ wasting

X Cnaoiteacht, seeraga, mealtalú, snu' a mach

35

Do cuireadh bréag ar an mbás,
 ní mar deirthear a-tá a ghoimh ;
 díol a loisgthe lucht na mbréag ;
 mairg do chreidfeadh a sgéal soin.

5 A tharbha dá dtuigeadh neach,
 a urghráin is beag an cás ;
 fa-ríor is amadán bocht
 do-gheabhadh locht ar an mbás.

10 Éagóir adubhradh ris riamh ;
 an lá is measa bhias do chách,
 dar ndóigh, a dhuine gan chéill,
 is cairdeamhla é ná an grádh.

Ní hionann sibh agus sinn;
 mór an sólas linn a pháis,
 15 's ní mó ná duine san chéad
 agá bhfuil fios sgéal an ghráidh.

Is duine rer dhiúlt an bás
 nách biadh, mar tám, ina dheóidh ;
 ní bhfuil amadán fón ghréin
 20 do shecheónfadh é dá dheóin.

Gidh beag riomsa fad mo ré,
 badh mór i bhflaitheas Dé a luach ;
 gearr bhíos Dia ag déanamh grás ;
 do-gheabha mé bás go luath.

Iomdha sgéal is mó na sionn
 do-chím beó i ngioll re grás ;
 éag go hobann níor bh'fhiú mé,
 25 muna bhfaghainn déirc ón mbás.

Gach fuath tugas don ghrádh,
 mo chion don bhás isé tug ;
 30 táinic canaire don chill,
 's do rinne sé binn don chlug.
*an t-é, singer,
 haristár*

Ní guth dhamhsa luighe faoi,
 's ní clú dhósan mar chlaoidh mé ;
 35 mór an t-iongnadh leis an ngrádh
 gan dul aige ar an mbás féin.

Déanadh a dhíthcheall dó féin ;
 gearr choingeóbhas mé 'na líon ;
 eadamar, dá bhfagham bás,
 40 cuirfe mise mo chás díom.

Níor pheannaid acht bheith im chruth,
 mise i bpríosún gur chuir sé ;
 's nár léig eadram is an grádh,
 maith is iontaoibh an bás féin.

45 Gidh truagh a mhoille do ghluais,
 táinic sé an uair is fearr ;
 mo-chion don teachtaire mná
 do chuir an bás ar mo cheann.

50 Tuigfidhear as ainm na mná,
 gibé 'gá mbia a grádh nó a fuath,
 iomdha 'na servís dom shórt ;
 mór fhuirgheas dá slógh gan buadh.

Ní ghabhann sé ceart ná cóir,
 *an grádh dona, ní dóigh a ghrás,
 55 's ní lór leis an duine d'éag ;
 do cuireadh bréag ar an mbás.

36

Fada ag seargadh sionn ;
 do cealgadh mo chom ;
 lily lile mná rom-meall ;
 mo chridhe a-tá trom.

5 Do ghad mh'anam uaim,
 mo radharc, mo réim,
 mo neart, mo léim lúidh,
 sgéimh mo dhearc lem {dhéir}.

10 Mo luas ar leirg cnuic,
 mo sheinm ar chruit cheóil,
 rugais mar-aon uaim;
 claon tugais mo threóir.

15 Mo chuimhne, mo chiall,
 uaim, a chiabh na gclann,
 do ghruadh dhonn, do dhéad,
 is dual na gcéad gcam.

20 A chneas solas saor,
 a fholt claon gan chád^h,
 do mheath mon-uar ionn
 bheith i ngioll red ghrádh.

? = cáidhe, cáidh *blemish*

Uchán t'fhaicsin damh,
 a chruth glan gan ghnás;
 fá dhó, a dhreach mar rós,
 †mó ná ar mbeatha ar <mbás>.

*cleft, chink, membrum femininum,
 flaw, defect.*

25 Ainm an tí dhá dtám
 ar bárr caisleáin chloch,
 's na cuacha is caomh cruth,
 is daor uatha ar n-och.

30 Muire Máthair Dhé,
 cara léir nách lag,
 sionn 'na dún gan drud,
 an múr is fionn fad.

? *close*

37

Mairg dhúinn dar dhán,
 a chúl na dtáth bhfiar,
 ribhse cur ar gcúil,
 a rosg lúithleasg liath.

*a tuft: of hair, grass, flax etc.
 lock, wisp, a woman's hair
 rolled up.*

5 Tug sé bíoga an bháis
 tríom ar bhfás go gear,
 dealú ribh fa dheóidh,
 a chuisle ceóil mo chléibh.

10 A bhos bhronntach bhán,
 a ghnúis fháilteach fhial,
 aithreach liom mo shiúl,
 a mhionn súl na gcliar.

Gan mé 'ot fhaicsin riamh,
 a chúl na gciabh gcas,
 15 do-bhéarainn do bhuaibh
 a bhfuil tuaidh is teas.

Truagh an toisg mo theacht
 go beacht ar bith cé,
 20 chum mo churtha i n-úir;
 dursan dúinn, a Dhé.

Caoinfead géin bhead beó,
 sgaoilfead ceó dom chás,
 mé féin do dhul d'éag,
 ós bun mé don bhás.

25 Ós tú mé do ghoin,
 leasaigh lot do lámh ;
 nó t'fhaicsin, a bhé bhúidh,
 's mairg dhúinn dar dhán.

30 Mairg dár dhán, a ghárla an chas-chúil fhinn,
 Damh t'fhaicsin rem lá 's tu d'fhás i n-easúl rinn,
 Is m'anam noch thárla ar lár do thais-úr-chuim
 I bpeannaid dá chátha ag grá 's nár ghabh tú id chroí.

Celtic Miscellany, p. 117 (no. 57)

38

v. Rel. Celt. II, 290

Soraidh slán don oidhche a-réir,
 fada géar† ag dul ar gcúl ;
 dá ndáiltí mo chur i gcroich,
 is truagh nách í a-nocht a tús. .

3007

5 Atáid dias is tigh-se a-nocht
 ar nách ceileann rosg a rún ;
 gion go bhfuilid béal re béal,
 is géar géar silleadh a súl.

10 †Tocht an ní chuireas an chiall
 ar shilleadh siubhlach† na súl ; *
 cá feirrde an tocht do-ní an béal
 sgéal do-ní an rosg ar a rún ?

15 Uch, ní léigid lucht na mbréag
 smid tar mó bhéal, a rosg mall ;
 tuig an ní<-se> adeir mo shúil,
 agus tú insan chúil úd thall :

* *As. xxxv. Truagh an chuibreach do ní an chiall
 re silladh siurghéach na sul*

“ Cuinnibh dhúinn an oidhche a-nocht,
 truagh gan sinn mar so go brách ;
 ná léig an mhaidean is-teach,
 éirigh 's cuir a-mach an lá !”

20

Uch, a Mhuire, a bhuime sheang,
 ós tú is ceann ar gach cléir,
 tárthaigh agus gabh mo lámh,—
 soraidh slán don oidhche a-réir !
 —Niall Mór Mac Muireadhaigh.

39

[8]

An gcluine mé, a mhacaoimh mná ?
 cuir do chomhrádh ar athlá ; *another day, respite ; an cur*
 a fholt géagglan buidhe búidh, *an athlá to postpone*
 duine éadmhar ní hionrúin.

5

Léig dod chomhrádh, seachain sinn,
 an go fóill, féach id thimchill ;
 sguir dhín, ná tarr dár dtadhall,
 bídh am ag an uraghall. = *urflúighe all decision, x*
arbitration

uilleán, cáine
 10

Beag an fáth fá bhfaghtar guth,
 seachain tú ! ná tuill t'ionnlach ; *splitting, interruption ;*
 im aice ná suidh mar soin,— *reproaching, accusation*
 an bhfaice a bhfuil dár bhféachain ?

15

Druid siar ! ná suidh im fharradh ;
 atáid cách, ad-chualamar, ●
 a chiabh nocht na bhfoighéag bhfionn,
 i gcoimhead ort ós íseall.

* Rather *wigheall* intimation, reply, message, address, salutation,
 speech, words.

Ní fhuil ar breith dhuit ná dhamh
 (a Mhuire! is mór an t-amhghar)
 20 gidh beag, cor do láimhe im láimh;
 mo náire a dhol dod dhíoghbháil.

an chumas

Ó nách bhfuil dod dhreich dhealbhaigh
 cead suirghe ná sibheanraidh,*
 25 truagh, agus Ére ar h'aghaidh,
 an céle rer cheanglabhair.

solitary

Mise gach laoi id leanmhain,
 tusa gan chead gceileabhraidh;
 30 a chúl druimneach do mhill mé,
 sinn i gcuibhreach re chéle.

Fada liom, ní lugha lat,
 30 gan cead uraghaill agat;
 a fholt fiar ina bhfoil fad,
 ní bhiam mar soin acht sealad.

= uirgheall speech

Congaibh bhós do bhéal 'na thocht,
 gearr, thrá, go bhfuigheam furtacht;
 35 ó taoi i láimh ná labhair linn,
 anaidh mar tháidh id thoirrchim

*id phríosúin
 gadaí*

Re feadh an laoi ná labhair;
 bí go banda banamhail;
 40 fuilngidh in bhar dtost is-tigh,
 cuibhrigh do rosg a-réigin.

* permission to make love and be joyful.

Sibheanradh = *suiré, cúirteiracht*

Truagh mo dháil le deich laithibh,
 mise is ise i n-éanchaithir
 gan cead amhairc a gruadh ngeal
 ná <a> radhairc uam ós iséal.

5 Ní raibh ar breith dhi ná dhamh
 labhairt ré chéile i gcogar
 gan cách oile d'aithne ar locht,
 ná aighthe ar-oile d'amharc.

an chumas

10 Ní fhéadmaois dá heagla féin
 dul i ngar dá gnúis shoiléir;
 gion go bhféadmais teacht don tigh,
 teacht 'na héagmhais níor bh'fhéidir.

Do bhí d'iomad na hannsa,
 's do bhí d'uamhan oramsa,
 15 mo chóig céadfadha do cheilt
 don bhéaltana óig oirdheirc.

Níor léig sí gáire ná gul
 ná colladh dhamh ná dúsgadh;
 socht ná labhradh níor lamhas;
 20 bocht amhghar an t-amharas.

Mo mhallacht lé! níor léig damh
 tógbháil mo chinn ná a chromadh,
 (rún mo chroidhe dá cneas seang,)
 ná meas an toighe timcheall.

25 Uch! nár mhaithe Dia dhise
bheith ag crádh mo chroidhe-se ;
ná tí le a corp creach mo bhall,
's ná deach i n-olc dá hanam.

30 Gruaidh mar chorcair, cneas mar bhláth,
uch, is aoibhinn don óglách
nár fhéagh an eala niamhdha,
béal meala is maillbhriathra.

41 * 1st 16 mutains to the husband
Aodh Ó Ruairc; 2nd foll. 16 to the
lover Thomas Costello

A. Féach féin an obair-se, a Aodh,
a mhic Bhriain, a bhláth fionnchraobh,
a ghéag amhra is uaisle d'fhás,
san uair-se tharla ar Thomás.

5 Luathaigh ort, ainic mise,
má tá tú ler dtairise ;
ag so síodhruire bruaigh Bhreagh
uaibh dom fhíorghuidhe ós íseal.

10 A mhic Bhriain, a bhrath mh'éigse,
más díth leat mo leithéid-se,
dom chabhair, a chaomhshlat ghráidh,
labhair le saormhac Siúrtáin.

15 Innis dó, re gcur 'na cheann,
nách mór dhaoibh, d'éigsibh Éireann,
mar ghné sheise ó chraoibh Charadh
meise dhaoibh do dheónaghadh.

khóibh

Ar mo thí an tan-sa ó tharla
mealltóir an uird ealadhna,
bíodh go ngeallfadh sé mar soin,
20 nách meallfadh mé ná measaidh.

Da meastá, ní meastar liom,
gadaighe fhileadh Éireann,
béidleómhan do thuair mo thoil,
nách éigneóbhadh uaim mh'aontaidh.

25 Dá mealltaoi ar aoi n-annsa
na háith, a Aodh, oramsa
le brath soibheart cuaine Cuinn,
toidheacht uaidhe ní fhéadaim.

30 Minic tig ar thí ar mbréagtha
Tomás i dtlacht uaithbhéalta, *Open-mouthed, dreadful.*
do cheilt ar saoireachtra sunn,
i mbeirt dhraoidheachta im dhóchum.

1. citicall flying, flight
35 Minic tig athaidh oile
rem ais d'eitill sheabhcuidhe
i measg cáigh d'fhuadach mh'annsa
'na ghruagach cháidh chugamsa.

40 Mar mhnaoi tháidhe ^x i dtuighin fir *tuighin a tafa, foun, cloak.*
minic tig sé dár soighin *saighin attack*
le briocht druadh, le díamhair ndán,
dom iarraidh uam ar éaládh.

Tig i ndeilbh dhaonna dhuine,
tig fós i bhfoirm síodhaighe,
tig uair i n-ionnas taidhbhse;
cionnas uaidh do anfaínn-se?

x? = bean táidhe, a concubine

45 I gcéin ar chogadh clann Néill
gluaistear leis, cuid dom chaithréim ;
sínidh ar óigh[^] d[^]hearb[^]tha dhe[^]
i ndóigh go meallfa mise.

?

50 It éagosg-sa, a Aodh Uí Ruairc,
minic tig sunn ar saorchuairt,
draig ciúntláith ór doilghe dol,
oighre Siúrtáin dár siabhradh.

Tig dá theacht 'na Thomás féin
mo chur seocham ar saoi^hchéill,
nó gur sguch mh'annsa dhá halt ;
damhsa ní guth a ghluasacht.

wt. go, die
55

(?) joint, ankle

Muna bhfuil intleacht éigin
agaibh d'fhurtacht mh'fhoiréigin,
a sheise, a sheangadh ar ngráidh,
do mealladh meise, a mhacáimh.

60

diminishing, squeezing,
making slender

M'iomlat eadraibh níor fhéad sinn :
do shearc-sa, a Aodh, im intinn
ar aoi gur hiarnadh 'na shás,
dom shiabhradh a-taoi, a Thomás.

S/

3. 65

Da mbeith sochar ruibh a rádh,
coisg dhínn, a dheighmhic Siúrtáin,
a rún cháigh gan chlaon n-irse,
ná cráidh Aodh fám aithghin-se.

70

A Thomáis, a thocht meanmnach,
a bhráighe ghill Ghoisdealbhach,
sguir dhín, ní fheallabh ar mh'fhior,
sín ar mhealladh na maighdean.

o 'that my heart pines for' (Gwynn)

Ní hionann mé is mná málla
 mhealltaoi, a óig andána ;
 75 mo shiabhradh ní dáigh dhuibhse,
 a ghrianghal sháimh shamhraidh-se.

Ná creid cách, ní meirdreach mé ;
 óg fuaras fios mo chéile ;
 fada ó tharla Aodh ormsa ;
 80 th'fhabhra ná claon chugamsa.

Bhar bhfé fia ní feirrde dhuit,
 aithnim thú d'aimhdheóin h'iomlait ;
 a bhradaire, ná mill mé ;
 fill, a ghadaighe an gháire.

85 Cosg th'álghais uaim ní bhfuighe,
 a bhraidín, a bhréagaire ;
 let uaisle ná mearaigh mé ;
 buail-se um cheanaibh gach críche.

A shaoirmhic Shiúrtáin bhuidhe,
 90 a bhláth coilleadh cumhraidhe,
 ar ghaol, ar chrodh ná ar choimse
 dol ó Aodh ní fhéadaim-se.

Ar n-aonta ó nách uair tusa,
 crom ar do cheird dúthchasa ;
 95 móraigh brígh an Chraoi-se Cuinn,
 a Naoise ó nÍr ar fhoghlaim.

A Mhanannáin múir Logha,
 a Aonghais an fhionnBhrogha,
 a Shioghmaill na gceard gcuimse,
 100 a Fhionnbhairr chealg gcogair-se.

A eagna Chormaic uí Chuinn,
 a fháithchiall oighre Cumhaill,
 a sheinm cor, a cheard Guaire,
 a fhearg Con na Craobhruidhe.

105 A thuairgnidh coitcheann catha,
 a mhéadaightheóir mórratha,
 a linn na n-uile n-ana, *plenty, riches, prosperity*
 a chinn uidhe an eangnamha.

110 A chrann seasmhach seóil troide,
 a rún díobhaidh dochraide, *slavery; distress, trouble*
 a bhrúcht buinne, a bheadhg nimh,
 a fhearg tuinne tairpighe. *tairpeach bulky; bold, violent*

115 A theanchair ghríosaighe an ghráidh,
 a ghlór le mbréagthar bandáil,
 a phost gáidh cagaidh d'íbh Cuinn, = *gáblaidh*
 má táim agaibh, ní admhaim.

*, support,
hamfion*
 120 A Thomáis, d'aithle mh'ionnlaigh,
 a chuingidh chrú Choisdealbhaigh,
 atá ar gcrídhe dhá rádh rinn,
 do ghrádh d'íbh, dhá n-ibhinn.

Mo bheannacht leat óm lántoil,
 a dheaghua dil Dubhátaigh;
 a bhúidh bharrghloin, ná bréag mé,
 ná damnaigh d'éad ar nAoidhne.

125 Sgarthain libh gidh tuar tuirse,
 ag so Aodh dom fhéachain-se;
 luathaigh thoram (truagh an airc!),
 mo-nuar, oram ná hamhairc.

42

[10]

Ná bí dom bhuaidhreadh, a bhean,
ar ghrádh th'einigh ná lean díom ;
madh fada, madh gearr mo ré,
ná buaidhir mé tre bhith síor.

5 Iarraim féin d'athchuinghe ort,
a ghnúis éadrocht na bhfolt bhfionn,
ná bí dom bhuaidhreadh níos sia,
gibé hionadh i mbia sionn.

10 Níor chaitheas oidhche ná lá,
gidh fada gearr a-tám sunn,
a through chéimleasg, a chúl claon,
nách beitheá-sa mar-aon rum.

ma-raon

15 Im cholladh, a ghruaidh mar ghrís,
ná tara tre fhís dom fhios ;
im dhúsacht, a shéaghain shuairc,
ná tarr dom bhuaín as mo riocht.

20 Gidh deacair damh a rádh ribh,
ná faiceam sibh, ná mill mé ;
ó nách bhféadaim dul ón mbás
ná tarr eadram is grádh Dé.

M'éanghrádh {thú} don uile dhúil,
a shlat cheannsa do mhúin Dia ;
{is} mairg dhuitse do mharbh mé,
's nár mharbhas féin duine riamh.

25 Mo thruaighe^λ níor chumaoín duit,
 *a ghéag mhíolla an ruisg ghloin;
 dá mbeitheá gan chéill mar tú,
 cian go muirfinn thú mar soin.

[λ!]

< marbhain

30 Nochan fheadar créad do-ghéan,
 do shearg mé do bhéal mar chaoir;
 mo bheannacht ort, as ucht Dé
 ná buaidhir mé, gabh rem thaoibh.

35 A bhéal cumhra, a chneas mar bhláth,
 iomdha duine a-tá ar do thí;
 im dhiaidh tar an uile fhear,
 a rún mh'anma, a bhean, ná bí

43

Truagh giorra na hoidhche a-réir!
 dar liom féin do chonnairec sionn
 taidhbhse mná nach bhfacas riamh
 táinic ó Shliabh na mBan bhFionn.

5 I n-aonoidhche dhamh im shuan
 truagh nár chaitheas fad mo ré,
 sul do bheireadh uaim an lá
 néal na mná do chonnairec mé.

10 Truagh nach é colladh Mo-chaoi,
 gan faicsin an laoi go bráth,
 mo cholladh san oidhche a-réir
 'na bhfaca mé néal na mná.

A mbí idir umha is ór,
 idir reullainn fós is grian,
 15 atá idir í is gach bean
 dá gcuala mé do theacht riamh.

Gach bean dár cuireadh i gclí
 ní hionann cré dhí agus dóibh,
 ní hionann cruth fós ná dealbh,
 20 's ní mó is ionann ceard do róin.

Taidhbhse ar a nós dar chum Dia
 ní raibh, is ní bhia go bráth,
 acht madh aingeal d'ainglibh Dé,
 dá gcuireadh sé i riocht mná.

25 Iongna a rádh go mairfinn féin
 ón taidhbhse a-réir tárfás dúinn ;
 bean mar í do thógbháil cinn
 ní chualaidh neach, níor shill súil.

30 Toirse is an tinne dá díth,
 ainm na mná le bhfríth mo rún ;
 ní thiocfaidh uirthi acht mar sin,
 is cuirthear libh ruis 'na thús. x

35 A Dhia is maith d'aithin sinn,
 ar son nár bh'áil linn a luadh,
 an bhean-soin rom-chuir i sníomh ;
 a faicsin, fa-ríor, is truagh !

x u. Róise

44

Aisling thruagh do mhear mise,
 fa-deara an suan síthe-se ;
 amhra do chailg mo chridhe,
 mairg re dtarla ar dtaibhse-ne !

sting, prick; deceive

5 Ní thig liom musgladh go moch,
 ar shuan ní fhaghaim árach,
 mo thruaighe nár hobadh inn,
 codal uaire ní fhéadaim.

10 Ochán ! truagh nách tig mh'annsa
 i dtaibhse ar cuairt chugamsa,
 an ghnúis tsoidhealbhdha, an ghruadh ghlan,
 gidh tuar doimheanmna a deallradh.

15 Ní chreidim, ní chreidfe mé,
 a teacht go bráth na breithe
 im radharc a-rís, dar linn,
 im amharc d'fhís ná d'aisling.
 —*Domhnall Mac Carthaigh (an chéad Iarla).*

45

Mairg darab galar an grádh !
 duine dá éis ní hiomlán ;
 ní bhí an croidhe slán mar soim
 's gan grádh oile 'na aghaidh.

5 Do chonnairc mé, misde dhamh,
 ríoghan chruthach trem chodladh ;
 ag so an codladh do chailg mé ;
 mairg dár togbhadh an taidhbhse.

10 Do shíneamar taobh ar thaobh,
 mise is an ainnear fholtchaomh ;
 mo dhara lámh tairsi thall,
 is lámh na taidhbhse toram.

An ainnear is áille corp
 ós trem chodladh do chonnarc,
 15 {uch} gan sinné ar suan choidhche
 truagh girre na geamhoidhche !

Badh cumhain liom a labhra
 choidhche d' éis a hagallmha ;
 *sruth is milse ná mil
 20 guth a cinn-se do chluinsin.

Cuid is deirge dá gruaidh ghloin
 le goradh ceardcha is cosmhail ;
 gnúis is baillghile ná bán,
 mar thúis ainglidhe a hanál.

25 Dar lat ar mhéad a maise,
 ag déachain a deilbhe-se,
 isí an ghrian ghairthe ar ghile
 niamh aighthe na hinghine.

46

[11]

Ní taobhtha dhamhsa riom féin,
 ní mise mé i gcáil san mbióth ;
 go bhfionna mé créad ar gcor
 ní mholaim d'aon dol ar m'íocht.

5 Creideadh nó ná creideadh cách,
 go dtí an bráth ní chreidfe mé
 nár chaith mise treall i n-uaigh,—
 foirceadal uaim oram féin.

10 Ní fhidir mé—gá dtám ris?—
 an mé an t-anam tig anall,
 an beó mé nó an bhfuaras bás,
 nó an mise féin a-tá ann.

15 Bheith don tsaoghal ar mo bhreith
 cuma nó bheith ar an déirc ;
 ní háil liom beatha ná bás,
 ogal duine mar tá mé.

an mo chuma.s

*stg, angry,
 persons, destinate,
 as full*
 20 Uch, fa-ríor ! dá gcluineadh cách
 (ró sonais ní gnáth gan tnúth)
 an chúis fá bhfuilim i bpéin,
 d'fhóirfeadh sinne dá mbéim súl.

Fada ó tháinic ceann mo ré ;
 ní duine mé ren cóir súil ;
 soraidh linn, fuarsam ar gcead,
 tug an saoghal a sheal dúinn.

25 Gé atáim-se gan dul ón mbás
im spioraid mhairbh, lán do phéin,
ní shaoilim neach ós mo chionn;
ní bhfuil mo thnúth acht liom féin.

30 Aon do chéad thuigeas mar tám;
bheith im ghalar ní gnáth leó;
do choideóladh sé ar mo chneidh
gibé adéaradh mo bheith beó.

35 An bhean-sa rom-chuir i sníomh,
d'fhéadfadh Críost a theacht go maith;
fearr fá mhaitheamh anma an bás,
teist an domhain ó chách air.

cf. 9.11

40 Eadamar ní bhfuighe an bocht^x
an phian a-bhos agus tall;
beannacht dise do mharbh mé,
is í sin an déirc 'na ham.

Nách deachaidh mé d'éag 'na thráth,
dá saoiladh cách go leamh é,
ní fhuil acht sgéal bun-os-cionn:
ní taobhtha dhamhsa riom féin.

47

Ní mé bhar n-aithne, a aos gráidh,
ná sginnidh le sgáth seachráin;
fuar dár seise im ionad ionn,
spiorad mheise nách maireann.

x ní léidir go bhfaigh an duine bocht

5 An dóigh libh, a lucht m'fhéaghtha,
 nách taidhbhse i dtruaill aieurtha,
 nó spiorad anma fhallsa
 tarla im ionad agamsa?

10 A aithne is éidir damhsa
 sibh gan fhiacha oramsa ;
 dá mbeth cás fám éag oraibh,
 mo bhás créad nách gcualabhair?

15 Truagh sin, a dhaoine dona,
 do chlaochló bhar gcéadfadha ;
 iseadh tharla im ainm-se ann
 taidhbhse anma gan anam.

20 Ní mise an duine is dóich libh,
 adhradh dhamh is díth creidimh ;
 taidhbhse buile gan aird inn ;
 a Mhuire ! is mairg do mhillfinn.

Dá bhféachthaoi fir na cruinne,
 annamh fuair dúil daonnaidhe
 dá ré ar an saoghal acht sinn ;
 do naomhadh mé, má mhairim.

25 Gibé a-déaradh nách deachadh,
 ní fhuil ann acht aimseachadh ;
 ní tráth damhsa a rádha riom,
 cára almsa lem anam !

30 Creidim féin go bhfuaras bás,—
 cumhain liom an lá theastás—
 ar son a mhéada mharas
 ag cor mh'éaga i n-amharas.

Ní hanbhuaín, ní hiomlat mbáis
rom-mharbh-sa, acht meisge shóláis,
35 ní sgís meanma (gá mó broid?),
ní ró teadhma ná treabhlaid.

Más dúil do dhúilibh nimhe
tug, le taibhreadh n-ainglidhe,
goid m'anma gan iodhna báis,
40 iongna damhna mo dhóláis.

A radharc ó ráinig sinn,
och, a Chríost, créad fá mairfinn?
dúil do mharbh an uile fhear,
is duine marbh nách muirbhfeadh.

Ní tonn líonmhar leanna duibh,
ní neamhghrádh neith ar talmhain,
ní hannsa duine—gá dtás?—
45 rom-dall-sa uile acht uathbhás.

Ar n-éirghe as an riocht reimhe
50 (creididh sinn go simplidhe,
do mharbh sé don uamhain inn),
do chualaidh mé go mairim.

A héagosg ní fhidir mé,
ní fhéad súil silleadh uirthé ;
55 a hamharc gion gur fhéad sinn,
a radharc do fhéag mh'intinn.

Ós siabhradh meallta meise
gan súil éirghe ón aincis-se,
nár fhaice súil éinfhir† í,
60 an dúil chéillidh† ad-chluintí.

Ar dtaithbheóadh suil tí dhi
 Dia dár n-anacal uirthi ;
 ní tharla cás roimhe rinn,
 an bás oile 'nar n-oirchill.

65 Ciall mh'anma an uair do mhaireas,
 tearc eólach 'na amhaireas :
 sadh 'gá mbí ciall agus cruth
 iar, agus í gan fholach.

—*Eochaidh Ó Heódhasa* (?).

48

Cia thú, a mhacaoimh mná?
 créad is fáth dod chuairt?
 uch ! is géar rom-chráidh,
 más triall do b'áil duit uaim.

5 Sídh Lir, searc gach súl,
 an í súd do threabh?
 nó Sídh Buidhbh na mbuadh?
 uch, mo nuar ! a bhean.

10 Nó Sídh Cnodhbha chorr,
 bruidhean na gcolg ndéad?
 nó Sídh chruithgheal Cairn?
 nó Sídh Sainbh na séad?

15 Ná ceil orm do rún,
 féach mar tú 'na ghioll ;
 más tú innis damh
 baincheann na mBan bhFionn.

Ní hiongnadh, a dhreach mhín,
 gibé chí do chruth,
 baintsíodh riot do rádh,
 20 a ghnúis mar bhláth subh.

Ní dearg deirge an ghual
 i ngar dod ghruaidh ghil ;
 do dhorchaigh gné an aoil
 bheith re taoibh do chnis.

25 A bhé shaoibhgheal shuairc,
 ná himthigh uainn fós ;
 grás ar dhuine leamh
 do rinne bean rót.

30 Mo bhruid-se an truagh lat ?
 fogas damh an bás ;
 mairg nách admhann dún
 cia thú, a mhacaoimh mná !

49

[12]

Cridhe so dá ghoid uainne,—
 cá ní is truaighe for talmhain
 ná duine i mbí dá anam
 do bheith tamall gan anmain ?

5 Uaimse ag inghin an iarla
 truagh gan iasacht mo chroidhe,
 go dtuigeadh féin nách bhféadar
 bréagadh croidhe i mbí toirse.

Cuirfead iomchar mo chroidhe
 10 ar dhuine oile i-mbliadhna ;
 gidh eadh, dá gcleachta a iomchar,
 biaidh sí diomdhach don iasacht.

Biaidh sí tinn, biaidh sí corrach,
 biaidh sí gan chodladh choidhche,
 15 biaidh sí ciamhair cumhach.
 biaidh sí dubhach gach n-oidhche.

Ní iarrfa adhbhar gáire,
 badh sáimhe lé bheith dubhach,
 go sgara sí rem chroidhe
 20 go bráth ní bhfoighe furtacht.

Uch ! ní cothrom an roinn-se
 do-ní an toirirse, dar linne,—
 croidhe nó dhó ag duine
 's duine oile gan chroidhe !

—Maghnas Ó Domhnaill.

[*Prince of Tyrconnell, 1537-1555; dt. 1563*]

50

[13]

Dar liom, is galar é an grádh,
 gion go bhfuil fedhm a rádh ris ;
 croidhe eile dlighim uaidh,
 an croidhe-se uaim do bhris.

5 Ós é féin is ciontach ris,
 an croidhe-se thig an grádh,
 meisde liom loighead a uilc,
 acht nách bhfaghainn cuid dá chrádh.

X? = *James (St. Dunstan's P., III. 331)*

10 Is truagh nách fuath thugas uaim,
 is fuath d'fhagháil uaibh dá chionn ;
 grádh ó dhuine is mairg do-ghebh,
 's is romhairg do-bher, dar liom.
 —*Maghnas Ó Domhnaill.*

51

Mairg do-bheir grádh leatromach,
 is a thabhairt 'na thuile ;
 och ! is cunnradh easbhadhach
 nách bí duine mar dhuine.

5 Tugas, géar chúis ghuasachtach,
 grádh nár bh'oircheas do thabhairt ;
 och, fa-ríor ! ní fhuarasa,
 gé madh beag, fuath 'na aghaidh.

10 Oram rugadh d'éigeantas,—
 measa leam a fhios agam !
 anam nó dhó i n-éinphearsain,
 is corp oile gan anam.

15 Gibé atá ar tí m'anma-sa,
 deacraide dhó a bhuaín asam,—
 annamh fear mo mharbhtha-sa,
 i gcorp oile atá m'anam.

20 Truagh nách fuil a hanam-sa
 mar tá an t-anam-sa agam ;
 gidh é a hanam m'anam-sa,
 ní hé m'anam-sa a hanam.

Truagh nách fuil an croidhe-se
 mar tá ar gcroidhe-ne dhise ;
 gidh é a croidhe ar gcroidhe-ne,
 ní hé mo chroidhe a cridhe.

- 25 Truagh nách fuil an corpán-sa
 uirthi tar mhnáibh na Banbha,—
 an stuaigh ríoghdha rosgmhála,
 ós í atá ag iomchar m'anma.
 —Maghnas Ó Domhnaill.

52

[1+]

Cridhe lán do smuaintighthibh
 tarla dhúinne ré n-imtheacht ;
 caidhe neach dá uaibhrighe
 ris nách sgar bean a intleacht?

what? what is?
 here? where is?

- 5 Brón mar fhás na fíneamhna
 tarla oram re haimsir ;
 ní guth dhamhsa mímhéanma
 tré a bhfaicthear dúinn do thaidhbhsibh.

- 10 Sgaradh eóin re fíoruisge,
 nó is múchadh gréine gile,
 mo sgaradh re sníomhthuirse
 tar éis mo chompáin chridhe.
 —Maghnas Ó Domhnaill.

53

[15]

Goirt anocht dereadh mo sgéal,—
annamh tréan nách dteagthar ris ;
is dearbh dá maireadh Dian Céacht
nách leigheósadh créacht mo chnis.

- 5 Ar mo thuirse ní théid trágh,
mar mhuir lán ós ceannaibh port ;
a bhfuair mé do dhochar pian
níor chás rium riamh gus a-nocht.

Tarla a dheimhin damh, fa-ríor !
gurb annamh fíon bhíos gan moirt ; ~~drugs, lees~~
is géar an fhobhairt é an brón,—
dar liom féin is mó ná goirt.

—Maghnas Ó Domhnaill.

54

Mairg darab galar an grád, h,
gibé fáth fá n-abraim é ;
is deacair sgarthain re a pháirt ;
truagh an cás a bhfuilim féin.

- 5 An grád-soin tugas gan fhios,
ós é mo leas gan a luadh,
muna fhaghad furtacht tráth,
biaidh mo bhláth go tana truagh.

Prod.

11

10

external medicine,
salve, liniment

10 An fear-soin dá dtugas grádh,
 's nách féadaim a rádh ós aird,
 dá gcuire sé mise i bpéin,
 go madh dó féin bhus céad maireg!
 —*Isibéul Ní Mhic Cailín*

55

Innis díse, gibé mé,
 a theachtaire théid 'na ceann,
 go bhfuil mise lán dá seirc,
 más ionann lé is bheith gan cheann.

5 Más ionann lé is bheith gan cheann,
 innis díse, dearbh gan chleith,
 go bhfuil mise lán dá grádh,
 más ionann lé is bás dá breith.

10 Más ionann lé is bás dá breith
 mise do bheith mar tá sinn,
 cuireadh asam airgead ceann,
 cuireadh duine ar cheann mo chinn!

56

[16]

Maireg atá san mbeathaidh-se!
 furtacht uaithi ní fhuigheabh;
 leath ná trian mo pheannaide
 ní fhéadann teanga a thuireamh.

mairg, cur
 síos ar

reckoning, recounting,
 reciting, learning or
 lamenting tearfully.

5 Òm ghrádh don nua naoidheanta
mo dháil cá dáil is deacra?
acht gidh olc an fhaoilbheatha,
is measa go mór mo bheatha.

*bheatha an
fhaoilin*

? fast wild

10 Gidh beag é dom ghalar-sa,
coimhthe re grís mo chneas-sa;
tig arís im fharradh-sa
fuacht i ndeaghaidh an teasa.

chô te

15 Cuairt i measg an bhanchuire
beag fhurtaigheas dom buaidhreadh;
cuid eile dom amhghaire,
ní fearr théid damh an t-uaigneas.

20 An chúis fa dtám roidheacrach,
gion go n-adhmhaim mun am-sa,
an croidhe duairc doibheartach
isé ro theagaisg dhamhsa.

Ón teidhm-se do tiocfaidhe
dá mbeith an rosg gan radharc;
ní hé an croidhe is ciontaighe,
acht an tsúil do-ní an t-amharc.

25 Ag diomdha go hinfheadhma
ní bhiú ar an rosg fám róghrádh;
bheith umhal dá thighearna
iseadh dhligheas gach óglách.

30 An croidhe go huilidhe
isé chongmhas gach aonlá
grádh tachartha is tuilidhe
do bheith againn gan chlaochlád.

*v. Laoille
Cinnéir, p. 35*

* Ualliam ó Palermo, ar a bhfeil trácht i sgeal meánaoisead
Francach do haistriodh go Béarla agus ar san go Sasce. Delior,
iníon an impire, a bhí i ngrá le hUilliam, isí atá ag
balhaint san "laoi" seo

77

35 An ghnúis álainn ainglidhe
do mhéadaigh adhbhar m'osnaidh,
iongnadh go madh ainbhfine; *a foreign tribe*
ní deilbh dhaonna is cosmhail.

40 An folt dualach druimfhiar-sa,
ós dó tugas mo chéidshear, *
dá bhfaghmais an tUilliam-sa,
ní chuirfeadh oirn ar n-éigean.

A ghrádh sgríobhtha im chridhe-se
m'aigheadh gach laoi do lomairg; *= reach*
mar tá mé dá innisin,
is mairg é agus is romhairg.

57

Maith gach ní ón easurradh; *esurra an outlaw, one*
do ghéabhainn ar son m'anma, *deprived of citizenship*
dá gcreiteá go ndeachamar
dod ghrádh, a bhean ar marbhtha.

5 Mise tríot sna crothaibh-se,
tríomsa ní cluintear h'acoin :
gá dtám, isí ar gcosmhaile
imirt bhodaigh is mhacaimh.

again, better

10 Ní hí an mhargáil urusa
sealbh ar n-anma uaibh d'fhuasgladh ;
bheith ar seilg do chunnartha
is ceannach leabhair ó thuata.

15 A ghéag an fhuilt bhairrshlimthigh,
 acht gidh maith gach ní a-deirim,
 gan éag duit dá dtairginn-se,
 is troid bhodaigh re ceithrinn.

20 Isé is críoch dár sgéalaibh-ne,
 a bhean do mharbh a marann,
 ní rachainn dot fhéachain-se,
 dá mbeith mo chuid im anam.

Córaide dhamh neamhthuirse,
 gidh aibhseach méad ar bpudhair,
 ón ruaig-se dá ndeachainn-se
 's mé an t-aon i n-aghaidh phubail.

25 Ní haithne dhamh éanduine
 nár cuireadh leat im chruth-sa ;
 a sheasamh ní fhéadfainn-se,
 ní fhuil ann acht maidhm tugtha.

30 Fágbhaim d'aithne acasan,
 a maireann d'fhuigheall madhma,
 gan teacht choidhche id radharc-sa
 go ndéanaid leas a n-anma.

58

Fada ar gcothrom ó chéile,
 mise is mo chéile chumainn,—
 mise go ndíoghrais uimpi,
 's gan í go suilbhir umainn.

5 Go dtréigfeadh mise ar shaibhreas
 níl ann acht ainbhfios céille,
 's nách tréigfinn mo bhean chumainn
 's a teacht chugainn 'na léine.

Aici-se is ualach éadrom
 10 a searc, is tréantrom oram,
 's nách déanann goimh dom ghalar,—
 ó chéile is fada ar gcothrom !

59

Baoghal dí, lá an Bhreitheamhnais,
 díoghal Dé a los ar marbhtha ;
 do choir chiontaigh neimhchiontaigh
 táinig dise goid mh'anma.

5 Bás duine do luathaghadh
 (cé tá duine dan sochar !)
 's a comharsa d'fhuathaghadh,—
 do rinne sí dhá dhochar.

Nár ghrádhaigh a comharsain,
 10 mar do fhágaibh Dia i dtalmhain,
 ní ar son mo dhochair-se,—
 measa liom é dhá hanmain.

Anois am an aithreachais ;
 meince ar gcuarta dá féachain,
 15 iomarcaidh an aitheantais
 tarcaisne orm do mhéadaigh.

Ise lán dom neamhpháirt-se,
 mé dá toil gan taom gcéille,—
 20 an leigheas 's an easláinte
 atá i n-aghaidh a chéile.

Atá sise, ad-chualamair,
 re tocmhairc ar tí a ceangail ;
 fa-ríor nách eadh fuaramair
 sgéal do sgéalaibh an earraigh.

25 A fhir luighfeas aicise,
 mo chros a haithle ar marbhtha,
 ar litir dot aibidil
 do-bhéarainn maitheas Banbha !

60

Leatrom so, a inghean Ūna :
 sibhse slán (seól iomthnúdha),
 mise tinn ó theacht toraibh,—
 ní ceart rinn do rónabhair.

5 Ní hionann soin is bhar slíos
 'na bhfuil ionnfhuairc oircheas,—
 dom chneasghoin a-tám re treall,
 fál do theastaidh† im thimcheall.

10 Ní curtha i n-iongnadh oraibh
 bás d'imirt ar mh'ionamhail,
 a ghéag dán cranngal crú Chais,
 is tú do mharbhadh Mhaghnaís.

Anois is ísle an éigse,
 ní fáth leóin mo leithéid-se ;
 15 do sgar creachMhaghnas Ó Caoimh
 re magh gcleathbharrchas gCathaoir.

Aithreach duit a ndearnais air,
 Mac Í Chaoimh dár chóir féachain ;
 20 mór fá a cheann d'fholtanas ort,
 a sheang ochtsholas éadrocht.

Atáid diomdhach dod dhreich ghloin
 mná agus filidh Fhóid Fhionntain
 (díth is mó dár dhearbhais dáibh)
 tré a ndearnais dó do dhíoghbháil.

25 Mac Í Chaoimh a-bhos gan bhrígh
 uait, a Eisibéil Stívín,
 {is} mise tinn don taobh thall,—
 ar-aon ní linn nách leatrom.

61

Aithreach damh mo dhíochoisge,—
 ní glic nách gabhann teagasg ;
 a bhean thug mo shníomhthuirse,
 maith do fhéadas do sheachna.

5 Ó nách raibh im chumasa
 uaim féin gan teacht dot fhaicsin,
 is éagcóir nách dtugaise
 cead h'amhairc dhúinn i n-aisgidh.

Fa-ríor ! isé an fuarastar
 10 mionca ar dturas dot fhéachain ;
 má tá ann, ní fhuarasa
 áit is sona ná a chéle.

Acht gidh minic ránag-sa
 dot fhéachain—truagh an neimhchiall,—
 15 dot tharbha ní thárrasa
 cuid ghiolla an eich don gheirrfhiadh.

Níor thógbhais dom fhéachain-se
 an rosg coinnleach mar chriostal ;
 níor ghuais damh nimh th'fhéachsana
 20 dá madh tú Baisilioscus !

Díomsach dár mac samhlaine
 smuaineadh 'na intinn ortsa ;
 fa-ríor ! atá an antuigse
 riamh i leanmhain na bochta.

25 Croidhe uaibhreach easumhal
 iomdha uaibh d'éis a léonaidh ;
 is éagcóir nár leanasa
 eisiomláir mhúinte an leómhain.

Cur mh'éaga-sa i n-aithghirre
 30 maith liom a los mh'anma ;
 dá bhfaghainn ré n-aithrighe,
 mar sin badh dócha ar ndamna.

Mise uaid go haithmhéalach
 fa-ríor ! ní himirt Domhnaigh ;
 35 dar leat, ní mé an maiccléireach
 do bhean an déirc do Ghormfhlait.

62

Buaidheartha an giolla é an grádh,
 mór do chách dá chuir i gcéill ;
 cuma dhúinne ar éirigh dháibh,—
 measa leamsa mar táim féin !

5 I n-aoibhneas {dá bhfuil} fán ngréin
 ní fhaghaim {se} spéis ná dúil ;
 nách bhfuil againn acht é féin
 do chuir an grádh i gcéill dúinn.

10 Ar biseach atá mo léan,
 tugas é ar an séan gcorr ;
 ní soirbh dhamh oidhche ná lá ;
 is mór do chuaidh an grádh orm.

15 A bhfaghaim d'fhearthain is d'fhuacht,
 a dtéid díom do shuan 's do phruinn,
 ón gcruth 'nar chuir sinn an grádh,
 ní chuirfinn go bráth i suim.

20 Mun bhfuil ag Dia is aici féin
 (aghaidh gach uilc i gcéin uainn !),
 ó a thruime tugas an grádh,
 ní bhfuil de acht bás nó buaidh.

63

Mór mhilleas an mheanma bhaoth,
 gach buaidhreadh tig dá taobh súd ;
 gach díoghbháil dá ndéantar lé
 níor thuigeas féin gus a-nú.

5 Tug mise le meanmain bhaoith
 ró toile, gidh taom gan chéll,
 do mhnaoi nách inneóstar leam,
 madh fada madh gearr mo ré.

10 Inghean bhéldearg na mbas n-úr,
 grádh tre chiontaibh dá cúl slim,
 do réir mh'aithne níor bh'fhiú a lán ;
 dá madh fiú cách, níor bh'fhiú sinn.

*tibhreach laughing,
 dimpled*
 15 Éagóir do radas grádh baoth
 dá gruaidh thibhrigh, dá taobh slim ;
 <ag> so anois an bás rem bhéal,—
 beag an sgéal, ní misde linn.

20 Mo shuan corrach, uch, mo-nuar !
 mo smuaineadh fuar fada ó chéll,
 mo chroidhe luath, m'intinn bhocht,—
 beag an t-iongnadh nách olc lé.

Ní dúsgadh dhamhsa, ní suan ;
 ní hiomdha neach len truagh mé ;
 acht gidh beag an sgéal mo bhás,
 is déanta grás ar son Dé.

25 Uch, ach ! gion gur chubhaidh rinn
 bheith dhuitse tinn mar atám,
 ní fáth gotha mar tá mé,—
 ní don duine féin an grádh.

30 Ní hé mh'anam iarrfas sionn
 do choimhead do chionn ar ngníomh ;
 fóireadh mé le a míorbhail féin,
 guidhim Máthair Dé go díon.

35 Focal beag dá briathraibh féin,
 bíodh nách bhfuighinn é fá dhó,
 dom thoil féin dá ndearnadh sí,
 níor bh'iarrtha dhamh ní badh mó.

64

Uchán ! is truagh mh'aisling ;
 buan mh'uchán mar mhosglaim ;
 lem ghrádh is mór mheasgaim ;
 ar bhrón go bráth brostaim.*

5 Mo chumha gan chlaoclódh
 ní gubha gan ghéarbhrón ;
 fearaim sruthán sírdhéar,
 uchán ! is é mh'éanghlór.

10 Bheith fá thuirse toghaim,
 nocha tuirse thadhail ;
 ní charaim a gcluim ;
 ní mharaim gé mharaim.

* = brostáighinn I incite, arouse, stimulate, accelerate; inté. I
 hurry, make haste.

Truagh mh'aisling 'gum mhealladh ;
 nochan aisling annamh ;
 15 ní fhaic sise ar silleadh,
 's do-chím ise im fharradh.

Bheith linne dá hiomrádh
 binne ná gach orghán ;
 do-chluineam a deaghghlór,
 20 's ní chluineann mo chomhrádh.

An chéillidhe chuanna,
 mo ghéighbhile grádha,
 deighthionól ná ch díogha
 fá Mheiliór mhála.

25 Truagh mise 'gá mórghul,
 is ise 'gum éimhdheadh ;
 ní chadlaim ó a caoineadh,
 gion go n-admhaim d'éinfhear.

Mo ghrádh don tseing shúlghlais,
 30 grádh gan feidhm ar gcéadchais ;
 truagh, a Dhé, mo bhuidhris,
 's gan mé uair 'na héagmhais.

Fuaras fa-ríor ! rochrádh,
 do chuaidh dhíom mo dheighshéan ;
 35 'na bharr bhíos ar mh'anshódh,
 ním-feas clann ná ceinéal.

{Is} aisling dá-ríribh
 a bhfaicinn ó chianaibh ;
 d'éis tadhaill an dúnaidh
 40 noch a bhfaghaim m'iarraidh.

Meiliór go mórgnaoi
 gé táim uimpe ag géarchaoi,
 anáir le gach éinrí
 ise d'fhagháil d'éanmhnaoi.

45 Do badh guais dom anam
 gach ar smuain mo cholann;
 mór mh'imnidh re a fhulang,
 eagla an impir oram.

50 Tugas toil dom neamhghrádh†,
 toil tugas tre urán
 mo rochrádh go romhór,
 ochán agus uchán!

? = urán excess, plenty
urán strife, contention

65

Ní tinn galar acht grádh rúin,
 mo ghalar i gcás do chuaidh;
 ní bhéara an doigh-se a-tá trinn
 a toirse dhínn go lá an Luain.

5 Dár dteinnisne is samhail soin,
 galar nách leighisfe luibh;
 ní fáth coimse an fáth fá bhfoil
 doigh thoirse do ghnáth dom ghuin.

is, stitch, dart of
 in (dash, flame)

10 Doigh sheirce do shearg mo chrú,
 <tríthi> is gearr ar mbeith-ne beó,
 liaigh mo ghoine tearc má tá,
 searc mná ar mo chroidhe 'na ceó.

Bean mhaothbhas is mhalach gcaol,
 a samhail ní saortha dhún ;
 15 bídh mar thuinn ar nách dtéd trágh
 an grádh do léig ruinn fá rún.

Ní cumhain comhrádh ná ceól
 ó a roghrádh shuthain† dom shníomh,
 (mo chobhair ar Cheird na ndúl !)
 20 rún folaigh dom sheirg go fíor.

Toghaim Muire tar gach mnaoi,
 gion gur† cosmhail† duine dhí ;
 go ró neamh gan diomhdaidh Dé
 gi-bé fear len ionmhain í.

66 * *v. Rel. Celt. II, 289.*

Deacair tocht ó ghalar gráidh,
 an galar dom chor fá chiaigh ;
 ní hé an galar gan guin mbróin,
 galar nách fóir luibh ná liaigh.

5 Galar gráidh is galar damh,
 an galar go bráth 'nar mbun ;
 im chroidhe do chóidh is-teagh
 cneadh thoile ler dóigh mo dhul.

10 Ar marthain béaraidh go buan,
 ní lamhthair céattoil do chlódh ;
 do chuir sinn im luing-se a lán,
 ní grádh cuimse linn is lór.

Tonn seirce 'na tuile trín,
 tuile le mbeirthear ar mbuaidh,
 15 tug soin ar snoighe go cnáimh; = suidhe
 doigh ghráidh im chroidhe do chuaidh.

Míle
 Ní le faobhar gráidh dom ghoin,
 baoghal mar a-táim óm thoil;
 ní féidir dol saor mar sin,
 20 's nimh mo ghon don taobh is-toigh. *on toil san*

Gaoi gráidh ag tolladh mo thaoibh,
 créad do b'áil dá chora i gcéill?
 ní bhfuil cobhair i ndán dúinn,
 mo ghrádh rúin dár bhfoghail féin.

25 Ag so cuma Dé na ndúl
 ar an té dá dtugas grádh:
 troigh thana 'gus seangbhonn saor,
 mala chaol dá ndealbham dán.

30 Fuilt dlúithe, is díon ar gach sín,
 tug an Dúileamh dí mar ghlóir;
 gach fáinne cornchas dá céibh
 ar néimh fholchas áille an óir.

An béal tana is nuaidhe niamh
 †nách gara dá ghuaille a ghlór,
 35 's a dá ghruaidh ar ghné na gcaor
 nár fhuaigh acht Saor na sé slógh.

Stuagh mhíolla na mailghe† gcaol
 ní shíolabh a hainm-se uam;
 atá sinn dom ghoin dá grádh
 40 do thoil nách ál linn do luadh.

Dá leacain leabhra ar lí an aoil
 do dealbhadh dí mar ba cóir ;
 an bhas bhairrgheal sheada shéimh,
 leaba réidh na bhfailgheadh óir.

slim, long, tapering.

45 An ríoghan nách meadh do mhnaoi,
 mo shearc ar n-a líonadh lé ;
 an Coimdhe ar n-a car i gclí,
 cá ní is doilghe dhamh, a Dhé?

—*Piaras Feiriteur (?)**

* apparently attributed to Cathal Mac Muireadhaigh
 in *Rel. Celt.* II, 289.

67

Ní hadhbhar seargtha go seirc,
 ní beadhgadh, ní basgadh cuirp,
 ní bruid lonn, ní lingeadh nirt,
 ní trom cnicht, ní hinneal uilc.

*Oppression, destruction, the
 severe injury or wound.*

5 Ní claonadh céille, ní baois,
 ní baoghal péine, ní páis,
 ní sódh dreach, ní dearbhadh luais,
 ní guais teadhmgthon, ní breath bháis.

10 Searc ghéirthe na mná rom-mheall,
 a-tá ag teacht re tréimhse riom ;
 dursan beadhgadh a beart lonn,
 an tsearc throm ler seargadh sionn.

15 Measaim, gion gur mharbh an mnaoi
 an tsearc-sain lerab marbh mhé,
 d'fheartaibh na seirce rom-sní,
 nách leigfe sí leatroidh lé.

Gé thig don toil deifriugh dhéin
 mo chor i ngeimhlibh an ghráidh,
 a cheilt do badh deacair dhúinn,
 do leatoil† mh'úidh fán seirc sáimh.

Mairg duine do-rala im riocht,
 dá bhfuighe a n-amharc an-ocht,
 an chiabh cham, an tiomhglún tearc,
 an dearc mhall, an diolrún docht.

*light, strict, stiff, hard,
 close*

Atáid bhós ar baois dom chur
 an aois óg, an eagna shean ;
 rug a n-áille uaim mo thal,
 an bhráighe ghlan, an ghruaidh gheal.

Uch ! nách dá malairt a-mháin
 do radas, sul rug mo threóir,
 an tol rom-chréachtghon go caoin
 le bhféadfadh mh'aoidh dol 'na deóidh.

A fios áith, a bronnadh bog,
 smior cnámh mo cholla do ghad ;
 an toil dá troimchéibh rom-tug
 rug soin ar bhfoirmchéill ar fad.

Cáit uam 'nar imthigh mo shearc,
 stuagh thimdhil do chráidh mo chorp ?
 ar láindianbhruid ní hé an t-iucht,
 mé ar briucht an báinDiarmaid bocht.

Gé madh riar gabhaim tré a gnaoi
 mo mhian is ní admhaim í,
 a searchoil nár mheadhra mé
 d'fheartaibh Dé is neamhdha in gach ní.

68

Uch, fa-ríor !
 ní aithnim uisge seoch fion,
 ní aithnim oidhche seoch lá ;
 mairg dan galar an grádh síor.

5 Uch fá naoi,
 ní aithnim míleadh seoch mnaoi,
 ní aithnim reultainn seoch ré,
 nochan aithnim gréin seoch gaoith.

10 Beag do-chiú,
 nochá n-aithnim dias seoch triúr ;
 mé do siabhradh do sheirc mná ;
 ar biseach go brách ní bhiú.

Och, mo-nuar
 nách liom cairt ar a cneas fuar !
 15 cath oirbheartach Aodha Finn,
 do chuir bean díobh sinn dár suan.

Truagh mo chruth ;
 Sionainn bhraonach na mbárc ndubh,
 is giolla do chur i bhfad—
 20 ainm na mná dom-rad fá uch !

69

Corrach do chodlas a-réir,
 codladh do ba docair dhúinn ;
 ag so an chrithear bhuan nách báidh,
 gual an ghráidh ag ficheadh fúinn.

5 Mo chodladh fá codladh saobh ;
 tre chodladh corrach do-chiam
 bean bhruit uaine, is sionn ar suan,
 stuagh fhionn do ba nuaidhe niamh.

10 Trem chadladh do conncas dúinn
 (níor chomhtha rer ghabhtha gráin)
 stuagh mhéirsheang fá meadh do rígh,
 bean 'gá mbím i ngéibheann gráidh.

15 Ní hionann grádh oile is í,
 mo thoil-se mar tá don mhnaoi,
 (truagh gan mo ghrádh dhuid, a Dhé !)
 mé 'gom ghuid ar lár an laoi.

20 Doigh sheirce dom tholladh tríom ;
 ar chodladh ní leigthear luadh ;
 ón ghruaidhghil is tinn a-tám ;
 buaidhridh a grádh sinn dár suan.

Ar gcur mh'aignidh 'na gruaidh ghil,
 suan ar ar n-aire ní fhuil ;
 toirrcheas na heirce is í soin ;
 doigh sheirce trem chlí do chuir.

25 Rug m'aire d'imirt is d'ól
 an ainnir is gile gruadh ;
 rug a tromghrádh sinn dár seól ;
 ceól mar orghán linn a luadh.

30 Searc mná ón dodholta dhúinn,
 lán robharta ag teacht i dtír ;
 mar badh moir i gcomhdháil chuain
 do chuaidh doigh a tromghráidh trín.

35 An tol-sain (gá tine is teó?)
 im chridhe 'na cosair chró,
 'gom shíorghoin as-toigh a-tá ;
 toil mná gá míorbhail is mó?

40 'Na lán mara do mhoigh tríom
 an toil nách lamhar do luadh ;
 cosg na toile is ar gan fál,
 lán do ghabh san chroidhe cuan.

 Ní aithnim umha tar ór,
 ní aithnim uisge tar fíon ;
 mo chroidhe gonta dá grádh,
 lán moire ara docra díon.

45 Nó go bhféachar a folt fann
 agus réalta na rosg gcorr,
 ní faghar glóir acht glóir ghearr ;
 doigh leam gur cadhan an chorr.

—Tadhg Ó Cobhthaigh.

*a wild goose, a
 barnacle goose*

70

An sgítheach tú, a mhacaoimh mná?
 nó an lór libh an líon teastá
 tred chéibh ródghloin bhfíthe bhfinn
 d'ógbhaidh gach críche i gcoitchinn?

5 Dá madh tarbha a n-agra ort,
 lot fear ná buaidhreadh bantracht,
 mór do dhíth oirir Eórpa
 †red throughthibh síth <sáir>leónta.

10 Ní fhuil d'áille it aghaidh sheing,
 ní fhuil d'fhoistine it intinn,
 a ghruaidh úr ghealghairthe ghlan,
 acht súr meadhraighthe meanman.

*rarehing,
eking*
 15 Tríbh do rad, a rún miochair,
 troid do na trí haitheachaibh,
 bas tlachtbhán fa corcra i gcath,
 daltán ochta na nUlltach.

20 Nó is tríbh tugadh (trom an choill)
 bearradh geóin ar Choin gCulainn
 ris an gcuraidh, re Coin Raoi,
 isan Mhumhain ghloin ghéagnaoui.

Mac Dáire i ndíol a mhasla
 ciorbhas an Cú éachtach-sa;
 lot an churadh a crígh Bhreagh
 a chumhal is díbh dlichthear.

*(v. glan
Vocab.)*

- 25 Nó is tríbh tángadar tiogh laoch,
 gasradh Ghréag na ngréagh neambaoth,
 do thimhneadh teaghlaigh na Traoi,
 a fhinngheal gheanmnaidh ghlórnaoi†.

71

A bhean éaras imtheacht liom,
 tuig gur ghluais Aoife fhoiltfhionn
 tre chlár sliom mbarrbhuidhe mBreagh
 re Fionn Almhaine ós íseal.

- 5 A lúb shéaghainn sheachnas mé,
 do ghluais Doireann eacht oile
 gan fhios le síodhaidhe seang
 go lios ríomhoighe Raoileann.

- 10 Truagh nách ionann dí agus duid!—
 gan fhios do éalaigh Bláthnaid
 feacht ó Mhoigh chréachtghalaigh Chuinn
 le Coin gcéadfadhaigh gCulainn.

- Gráinne ní Chormaic uí Chuinn
 *téid mar sin le flaith nUmhaill;
 15 do bhaoi i ngiallbhroid agá ghrádh,
 gur fhaoi le Diarmaid dreachnár.

- Meliór ó só mar sin
 gan fhios uair do na huairibh,
 {an} barr dil fionnfholtach fiar,
 20 le Sir iongantach Uilliam.

Soicearn dá sléachtadh gach tír
 le Cuanna mór mac Ailcín
 do fhaoi amhlaidh <sin> gan fhios
 's do bhaoi anbhsaidh† tre uaigneas.

25 Ós íseal ó só mar soin
 bean Oilealla mhic Eóghain,
 bas éachtach na dtachar dtrom,
 le Fathadh créachtach Canann.

30 Muireadhach go múr Dá-thí
 Earcla ar an gcor-sa ad-chluintí
 tug leis ó Albain gan fhios,
 feis ler ardaigh a aimhleas.

Do nós na n-ógbhan oile,
 ós íseal tre ionmhaine,
 35 ag súr eóil Innse na nArt,
 gan sibhse im dheóidh ag imtheacht†.

72

Mealltar bean le beagán téad ;
 atá oram 'na oiréad *envy, jealousy, desire*
 (lór méad ar n-anfhorlainn as!) *for revenge*
 daghfhoghlaim téad nár thógbhas.

5 Truagh liom nár leathas mo lámh
 ar sheinm robhuig na ruagán ; *a cold sharp dry breeze*
 d'fhagháil mná uaisle is oighre
 a-tá an uair-se ar n-aghaidh-ne.

10 Uchán nách seinnim-se soin,
 díogha an cheóil, caoch† an trodair†,
 *nó cas ar sliabh go slim
 'na ghlas do iadh fám intinn.

15 Mór n-adhbhar croidhe do chrádh!
 tuar seirce seinm na strioncán; *tune, lilt*
 tarla dhó ar dtaobh do tholladh
 aon is dó nách dearnamar.

20 Port míochúiseach na mac ríogh
 do chuaidh dhíom, dia do shoighníomh;
 bean as gach teagh roibheag ruinn,
 dá mbeadh a oiread againn.

Bean d'fhagháil dá madh áil linn,
 mór an díth sin nách seinnim
 †(olc le hÁbhartach a rádh)
 port nách tábhachtach tormán.

25 *the front pillar of
a harp.* Gé atá annséin atach ban,
 port an lámhchrainn do luasgadh,
 ní mholaim monghar an chiúil
 nách bhfoghaim tonnghlan taidhiúir.

30 Dom anródh nár fhoghlaim mé
 seinm chailín ó chois tSiúire,
 i dtráth suain le sreing n-umha,
 nách beinn uaidh i n-aontumha.

35 Sás na mban maith do mhealladh—
 cuid dá ríomh do rinneamar—
 puirt luatha {ar} a gcluimim cion;
 sguirim uatha dá n-áireamh.

Ní dó a-támaoid an tan-sa,
 tuireamh na dtéad gcodarsna,
 acht do mhilleadh ar mban mbog
 do ghabh re silleadh seachad.

73

Truagh do bheatha, a bhean a-réir!
 an ngoilleann ort féin mar taoi? *goillinn, I affect adverse*
 ní chuala féin thuaidh ná theas *grieve, injure hurt.*
 leath th'ainnise ar fhear ná ar mhnaoi.

Ar chréatúir dár chruthaigh Dia
 ní chuala riamh leath bhar n-olc;
 don duine is boichte fán ghréin
 ní thiubhrainn féin mo dhéirc thort.

Gach martra dá bhfuilngeann tú,
 gach crádh croidhe, a chúl na sreath,
 dá bhfuilngeadh sibh ar son Dé,
 do rachthá gan péin ar neamh.

Más dod dheóin ataoi mar sein
 ní mór gur bh'fhearr dheit, dár ndóigh,
 dá mhéad <coir> dá ndearna tú,
 dol ar do dhá ghlún don Róimh.

Is truagh leam nách léigthear doit
 gidh beag féachain soir ná siar;
 dom dhóigh, ní léigfidhe leat
 a rádh go madh geal an fiach.

Gé 'taoi cosmhail mar chuid súl,
 badh gearr mhairfeas tú mar taoi ;
 ionann do bheatha 'gus bás ;
 dar leat, tugais grádh do mhnaoi.

25 Cuid dod dhonas (dia do bhéad)
 nách deacha tú d'éag 'na thráth ;
 uch, mo thruaighe, ataoi fa-ríor !
 id chairdeas Chríost ag an mbás.

30 Ní mór an truaighe atá dheit,—
 móide a dhonas dod dhreich naoi ;
 do chreidfeadh cách cumhacht Dé,
 muna bhfaicdís féin mar taoi.

Iomdha giolla séaghain suairc
 do bhí san riocht-soin uaid féin ;
 35 ní bhí an saoghal acht fá seach ;
 truagh do bheatha, a bhean a-réir.

74

Mo-chion dár lucht abarthaigh,
 a bhean is cian dom bhuaidhreadh ;
 binn dúinn fuaim a dtaitearnaigh,
 dá mbeith rath ar a dtuaithleas. = *tualas*

5 Grádh beag milis míochúise
 ní fhuilngid dúinn gan aithfear ;
 méad ó chách ar míochlúí-ne
 badh chóir nách bhfuighthí i n-aisge.

†M ar mbeith acht a ndúradar,
 10 más taobh leis dúinn do shochar,
 san mbréig féin, a rúnchogar,
 mo-ghéanar tríd do chrochadh.

Go dtí an guth fón tarngaire,
 a bhean do chráidh mo chuirpín !
 15 beannacht Dé don chantaire
 do-ghéanadh binn don chluigín.

Fuarsam ó chách liamhantas,*
 gion gur fíor, a stuagh fholttrom ;
 anois ní tráth fiamhachais ;
 20 ionann a dheoch 's a bholgam.

Sinn ní chreidid neamhchoirtheach,—
 truagh gan ar ndáil mar saoiltear ;
 aoihbhinn dúinn mar bhreacarsach
 a n-abraid cách dár dtaoibh-ne.

Tríom ó fuarais imdheargadh
 is mé agad i n-éigean,
 ná caill, a bhé mhíndealbhach,
 25 do dhuine 's do chlú i n-éinfheacht.

Lucht bratha dár síorliamhaint,
 ar dtuaithleas leo má fíorthar,
 30 drong chroidhe an chlaoinbhiadáin
 mo-chion-sa dháibh 's ní hionadh.

*Deacán Calumniator,
 Calumny*

Ní buan fallán mo cheartlár ó chím do dhreach,
 A stua gheal-lâch, ar seachrán ó taoim dod shearc ;
 35 A ghrua cheartbhláth is teannáil don ghrís 'na gar,
 Is trua, a shearcghrá, nách leannán ó lítear bean.

* ? = *liamhnachas* imputation, scandal, wooing, courting, imputation
 of immorality

75

Mairg duine bhíos antuigseach,—
 dhamh féin bheanas an focal ;
 ní le súil a santaigheann,
 uch ! ní leamsa an ní ad-chonnarc.

5 Téighim do thaobh m'ainbhfis-se
 d'fhéachain mná na mbas mbairrsheang ;
 do b'fhéarr gabháil thairsise,
 seachnaidh súil ní nách bhfaiceann.

10 Mise ag déanamh antuigse,
 drud ria ar fhuráil m'aignidh ;
 is lia fear dar bh'altaighthe
 a leithéid uaidhe d'fhaicsin.

*Dhise ar feadh m'amhairc-se
 tarla mé, mór an uirim ;
 15 nár fhaice súil anduine
 feabhas na háite a bhfuilim.

Ar dhrud re a dreich shéaghanta
 ó nách bhfuil árach agam,
 gabhaim cead a féachsana,—
 20 buidhe le bocht a bhfaghann.

I ngar dá cruth drithleannach
 fada bhím 's gan bheith uaisti ;
 dar leat, is mé an t-ifreannach
 do bhí fá bhun na cruaiche.

clemon, wicked person

25 Dá mbeinn-se i n-áit aonaráin
 's an bhean-san, gér thaom dána,
 níor bh'fhearr an liaigh Iopragáid
 ná mé san síneadh lámha.

Hippocrates.

76

Luaithe cú ná a cuideachta,—
 tosach luighe dom leannán ;
 luaithe ná gach truidealta
 aigneadh géige an dá gheallámh.

5 Luaithe ná gaoth earrchamhail
 ag buain fá bheannaibh cruaidhe,
 aigneadh baoth nách banamhail
 ag inghin an ruisg uaine.

10 Dar an Airdrígh marthanach †
 bheireas na breatha cruaidhe,
 roimpe riamh ní fhacamar
 ag mnaoi aigneadh ba luaithe.

77

Abair leis ná déanadh éad,
 's gur bréag an sgéal do cuireadh faoi ;
 is aige féin atá mo ghrádh,
 is m'fhuath do ghnáth agá mhnaoi.

5 Má marbhann sé mé tré éad,
 rachaidh a bhean d'éag dom dhíth ;
 éagfaidh féin do chumha na mná,
 is tiucfaidh mar sin bás an trír.

10 Gach maith ó neamh go lár
 chum na mná agá bhfuil m'fhuath,
 's an fear agá bhfuil mo ghrádh
 go bhfagha sé bás go luath !

15 A Rí na ngrása d'árthaigh an t-uisge ana bhfíon,
 Is chuireas an táirnge i gclár na luinge mar dhíon,
 Fóir an cás ina dtárla mise agus í ;
 Bás mo mhná-sa is tásg a fir-se go dtí !

Celtic Miscellany, p. 113 (no. 50)

78

Taisigh agad féin do phóg,
 a inghean óg is geal déad ;
 ar do phóig ní bhfaghaim blas,
 congaibh uaim a-mach do bhéal !

5 Póg is romhillse ná mil
 fuaras ó mhnaoi fhir tré ghrádh ;
 blas ar phóig eile dá héis
 ní bhfagha mé go dtí an brách.

10 Go bhfaicear an bhean-soin féin
 do thoil éinMhic Dé na ngrás,
 ní charabh bean tsean ná óg,
 ós í a póg atá mar tá.

79

{Ní mhair séan do} ghnáth,
do dhearbh a lán é,
amhlaidh sin nách cóir
teann as glóir dá méid.

strength, supremacy.

5 {Gnáth gach deasgadh} searbh ;
tarla a dhearbh liom,
gach flaitheas dá mhéid
go dtéid bun-as-cionn.

less.

10 {Mór mo ghua} is i-níu,
fada ón riocht i-né ;
a shaoghail na lúb
is tusa tú féin.

15 {Dá} bhféachthaoi fó seach
cách ó bheag go mór,
ní fhuil bocht fón ghréin
do dhlighfeadh déirc róm.

20 Dá ndeachainn dá mheas,
beag nách leamh mar tám ;
go deó mairfe sinn
im dhuine thinn shlán.

An bhean so rom-chráidh,
ní mé a-mháin do mheall ;
cóir a iomchar lé,
do bhí sé 'nar gceann.

25 A bhfuil teas is tuaidh,
 ní críonna uaim súd,
 mar táid tríthi ag searg,
 nách tearna† dealg dhún.

Ní fhuil feidhm bheith ria,
 30 olc an chiall a cor ;
 ionann mharbhas sí
 an rí is an bocht.

Im riocht féin a-rís
 ní bhiam go dtí an bráth ;
 35 beag nách leamh mo sgéal ;
 ní mhair séan do ghnáth !

Celtic Miscellany, p. 113 (No. 51)

80

✓ Cumann fallsa grádh na bhfear !
 is mairg bean do-ní a réir ;
 gidh milis a gcomhrádh ceart,
 is fada is-teach bhíos a méin.

5 Ná creid a gcogar 's a rún,
 ná creid glacadh† dlúth† a lámh,
 *ná creid a bpóg ar a mbia blas,—
 ó n-a searc ní bhfuilim slán.

Ná creid, is ní chreidfe mé,
 10 fear ar domhan tar éis cháich ;
 do chuala mé sgéal ó 'né,
 och, a Dhé ! is géar rom-chráidh.

Do bhéardaois airgead is ór,
 do bhéardaois fós agus maoin,
 15 do bhéardaois pósadh is ceart
 do mhnaoi, nó go teacht an laoi.

Ní mise amháin do mheall siad,
 is iomdha bean riamh do chealg
 grádh an fhir nách bia go buan,—
 20 och, is maireg do chuaidh rem cheird†.

81

[17]

Cumann do cheangail an corr
 agus sionnach Brí Ghobhann; ^x
 do gheall an sionnach don gcorr
 nách brisfeadh choidhche an cumann.

5 Do b'aimhghlic, is é ar fásach,
 taobhadh ris mar chompánach;
 d'éis a bheith i bhfad gan bhiadh,
 maireg do bhí ar iocht Uilliam. *ainm ar an mada
 rua, "Reynard."*

An corr 'na codladh mar thuit,
 10 do rug sé uirthi ar bhrághaid;
 ní leanabh air,—is é a shuim
 gur sgar a ceann re a colainn. = ní leanfadh

Dar leat is í do roinne,
 soraidh dár mnaoi chumainne;
 15 ise an sionnach, mise an corr,—
 cosmhail re chéile ar gcumann.

x Brí Ghobhann: ainm a pharóiste 'na bhfein
 Baile-mhisteala, i gCo. Chorcaí

82

Is mairg thaobhas bean im dhiaidh,
 focal sin 's a chiall 'na gar ;
 ní gnáth tuile nách dtig tráigh,—
 ionann sin is grádh na mban.

5 Le n-a ngrádh ná tabhair léim,
 bristeach a méin, olc a rún ;
 grádh na mban chugad is uaid
 tig 'na ruaig, is téid ar gcúl.

10 An t-aonghrádh is mó fán ngréin
 's a bheith ag do mhnaoi féin ort,
 ná creid acht a bheith 'na bhréig
 's a dhul d'éag mar théid an sop !

15 Dá sirinn cnuic agus puirt,
 do-gheabhainn a n-uilc ós aird ;
 a Rí bheir soineann san ghréin,
 †nách seachnann a méin is mairg.

83

Mairg do-ní cumann le mnáibh !
 ní mar sin a-táid na fir,—
 do badh chóir a gcur ar gad
 i n-éagmhais na mban-sa is-tigh.

5 As na mnáibh cidh mór bhar ndóigh,
 fada dhóibh ag dul re gaoith ;
 is tearc neach nách meallaid súd ;
 mairg léigeas a rún le mnaoi !

10 Iarla glic do bhí san Róimh
 agá mbíodh cuirn óir fá fhíon ;
 ar mhnaoi an tighearna mhóir mhaith
 do chuala sgéal ait, más fíor.

15 Lá dá rabhadar ar-aon
 taobh re taobh ar leabaidh chluímh,
 do leig air go raibh ag éag,
 do chum bréag do bhrath a rúin.

20 “ Romham dá bhfaghthá-sa bás
 badh beag mo chás ionnam féin ;
 ar bhochtaibh Dé leath ar leath
 do roinnfinn fá seach mo spréidh.

Do chuirfinn síoda agus sróll
 i gcomhrainn fhairsing d'ór dhearg
 i dtimcheall do chuirp san uaigh,”
 do ráidh an bhean do smuain cealg.

25 Do críochnaigheadh leis an bás,
 do bhrath mná na malach seang ;
 gá dtáim acht níor chomhaill sí,
 tar éis a bháis, ní dár gheall.

30 Do chuaidh amach ar an sráid,
 gur cheannaigh, gé'r chráite an lón,
 dá bhannláimh nó trí do shac
 nách ráinig ar fad a thón.

*cubit, measure
 of 21 inches.*

Tar éis ar gheall dá fear féin,
 do rinne bréag ar ndul don chill ;
 35 ní thug pinginn d'eaglais Dé,
 's níor thairg déirc do dhuine thinn.

Ar ndearbhadh intinne a mhná,
 an t-iarla glic (fa cás cruaidh)
 d'fhiarfaigh créad fá raibh a chorp
 40 dá chur nocht aca san uaigh.

Do ghabh sise leisgéal gar,
 do nós na mban bhíos re holc,
 dá saoradh ar a fear féin,
 †an bhean nár ghaibh géill dá locht.

45 " Do chumas eisléine ghearr
 nách ráinig meall do dhá mhás,
 do chuimhling re tús an tsluaigh
 ar Sliabh Síón (cruaidh an cás).

shronc

Brailín fá chosaibh gach fir
 50 ní bhia a-nois mar do bhí riamh ;
 ag rochtain go Rí na ndúl
 badh leat tús ó dtéid san tSliabh."

" Tuigim do mhíorún, a bhean ;
 ní bhfuil tú ach mar gach mnaoi ;
 55 dom dheóin ní bhfuighe mé bás
 romhat, a ghrádh na nglac saor."

Gá dtáim ach do bhí an bhean—
 ó sin amach dá fear féin
 is éadána do bhí sí ;
 60 ag sin agaibh brígh mo sgéil.

Ag fagháil bháis dá mbia fear,
 ná cluineadh a bhean é ós aird,
 's nárab mó léigfeas a-mach
 uch ná ach, ciodh mór a mhairg.

84

Seachnaidh súil ní nách faiceann,
 ní mhaireann grádh do bhunadh,
 's go dtig toil agus neamhthoil
 mar thig fearthain is turadh.

5 Do bhís{se} againn iata
 gur sgaoil i-mbliadhna ar gcumann;
 is fearthain i ndiaidh thuraidh
 mar taoi ó 'nuraidh umam.

10 Ag mnaoi ní bhfuil mo chuimhne,
 sguirfead dom shuirghe feasta;
 cár mhisde bean dom thréigean,
 acht gach éinbhean dom sheachna!

A chroí dár gheallas rem beatha bheith ûl réig tláth,
 Ar mhaoin ná ar mhathas do b'fhada leat, a úirbhé
 bhláth,
 15 Go mb'fhíor dá gcanainn re sealad, sa Mhûin gé táim,
 Ní ná faicean go seachnan súil é, a ghrá.

Celtic Miscellany, p. 114 (no. 53)

85

A bhean atá lán dom fhuath,
 (a Mhic Duach!) ní cumhain leat
 oidhche ro bhámair ar-aon
 taobh ar thaobh agus tú, a bhean.

5 Dá madh cumhain leat-sa, a bhean,
 an feadh rug a teas don ghréin,
 do bhí mé, lá, agus sibh—
 cá beag sin dá chur a gcéill?

10 Nó an cumhain leat, a bhas mhaoth,
 a through leabhair, a thaobh sliom,
 a bhéal dearg, a ucht mar bhláth,
 gur cuireadh leat lámh fám chionn?

15 Nó an cumhain leatsa, a chruth suairc,
 gibé huair do ráidhis rinn
 nár chruthaigh Dia do dhealbh neamh
 fear do b'annsa leat ná sinn?

20 Cumhain liom go raibhe, lá,
 do ghrádh agam mar tá t'fhuath:
 gá dtáim ris, a chneas mar bhláth,—
 comhfhada théid grádh is fuath.

Dá gcuirear i gcéill do chách
 ní bhia go brách is dá mbeith †
 grádh ag mnaoi ar fhear faoi'n ngréin,
 †nóir chreite dhó féin go mbeith.

86 * v. *Rel. Celt. I. 140*

Mairg duine bhraitheas é féin !
 mo bheart is dá héis do-chím ;
 ní fhionnfa neach fir ná mná
 mo rún féin go bráth a-rís.

5 A bhean chumainn, a chruth fial,
 do bhí agam riamh i ngioll,
 (mairg léigeas a rún le mnaoi !)
 fuaire a chách a-taoi fám chionn.

10 Oram féin do fríth an locht,—
 ní beag nod dá chur i gcéill ;
 tig an cumann druim-tar-ais,
 buailtear duine dá shlait féin.

a hint is enough

15 Ní thiubhrthá orlach ar ór
 díom, a inghean is óg snuadh ;
 ciodh gearr ó 'niugh gus i-né,
 do bhuaidhir mé an t-uisge suas.

20 Méad na toile tugais dúinn
 mairg dár gealladh, a ghnúis nár,
 umam féin ó 'taoi go fuar ;
 comhfhada théid fuath is grádh.

Do chuala féin fad' ó riamh
 cumann deise do dhiall ruinn,—
 duine i Mumhain na múr ngeal
 díobh, is duine do Leath Chuinn.

resembled

25 Do bhádar dá bhliadhain déag
 an dá sgoilár (fá sgéal suairc)
 gan deadhail—gá díochra searc
 ar fud Éireann teas is tuaidh ?

30 D'éis a múinte i mbailtibh sgoil,
 dála an chúpla ar nách gclos béim,
 do thionnsgain gach duine dhíbh
 dol an tráth-soin dá thír féin.

Do b'iad ráite an fhir a-ndeas,
 's an sruth déar ag teacht re a ghruidh :
 35 " Ní dóigh go bhfaiceam, a ghrádh,
 gnúis a chéile go lá an Luain."

" Dá dtí," ar an sgoilár a-dtuaidh,
 " olc do cheachtar uainn dá bhríogh,
 ós ag deadhail dúinn ar ndias,
 40 go madh dhuitse bhias a dhíoth !"

D'éis ar gcumainn gus a-nocht
 ní mór, a bhean na bhfolt slim,
 nách í freagra an fhir a-dtuaidh
 fuaras uait ag sgaradh rinn.

45 Ní hí h'anshocracht ná t'fhearg,
 ní díth céille, ní ceard bhaoth,
 ní cruas, ní droichtheist, ní tnúth,
 do-bheir deadhail dún ar-aon.

Gan tú san chúige i mbíodh Meadhbh,
 50 nó i gcrích Laighean na learg réidh,
 nó i ndúthaigh Dheadhaidh mhic Shin,—
 tug mo dheadhail ribh rem ré.

Ní fhuarais, gidh meanma shaobh,
 a ghlac shocair gan taom gcruais,
 55 cúis mo thréigthe acht mé id ghar :
 maith gach cunnradh i bhfad uait !

Gach ar léigeas leat dom rún,
 a ghéag úr an aignidh shéimh,
 60 aithnim díot a cheilt ar chách
 go bráth bráth, 's a cheilt ort féin !

Im ghar choidhche, is bím gan fear,
 a ghnúis díoghainn na ndearc mall,
 an fear leis nách beitheá réidh
 ní léigfinn féin ar chéad marg.

65 A stuaigh mhíolla na mbas ngeal,
 gé léige mo shearc i bhfail, *neglect*
 fuaire id thoil ní thugas fós ;
 mo sgaradh riot gá mó mairg ?

—*Domhnall (mac Dáire) Mac Bruaideadha.*

87

Deacair taobhadh re toil mná,
 éigean damh a rádh fa dheóidh ;
 maith an rún do rinneas riamh
 nár nocht mise trian mo sgeóil.

5 Ar thoil mná ní huras greim,
 iomdha taobh a leing a rún ;
 níl dá dhíse dháileas cion
 nách gearr go dtéid siod ar gcúl.

10 Fuaras toil ó mhnaoi, dar liom,
 ar nách gcuala sionn ná gráin,—
 a samhail níor dáileadh d'fhior,—
 gion go ndearna cion ná páirt.

15 Tráchtaghadh fada is é fíor
 ar thoil choimhthe síos do-bhéar ;
 <an ní> adéar ‡ dá gcluintear uam
 badh mór neach len truagh mo sgéal.

20 Aimsir aoibhinn seal ó shein,
 do chuala mé a teist 's a cáil
 tré fheabhas a modh 's a béas
 dá thabhairt fá chéad ós áird.

Caras mise mar gach fear
 (ní maith sgéal nách bean re haoibh) ;
 gan dul dá fios créad an fáth
 fá bhfuair sise grádh gach aoin?

25 A hamharc ó fuaras féin,
 's ma~~x~~ do mheasas a méin ghlan,
 is mó do mheall díoghras uaim *affection, passion*
 ná teist cháich do chuaidh i bhfad.

30 Dar liom, acht cidh meallta mé,
 do b'iomdha cúis is gné dhearbh
 fár chóir toil do thabhairt dí,
 ainnir chruthgheal fá mín dealbh.

35 Ar a huaisle ní fríoth táir,
 do chuaidh sí tar mhnáibh ar mhéin ;
 a haois re n-áireamh níor mhór ;
 ní fhacas locht cló 'na sgéimh.

A haigheadh 's a huirgheall caoin,
 a réidhe fá mhaoin do ghnáth,
 40 a mórdhacht (gibé do mheas),
 ní haithne dhamh go beacht a rádh.

A rún fionnfhuar 's a grádh glan,
 's a tromdhacht do char gach aon,
 níor bh'iongnadh go ndáiltí searc
 dháibh araon is dá reacht saor.

50 Umhlacht do dhuine 's do Dhia,
 fírinne bheóil is ciall nár
 do chaith sise (cuid dá rath)
 a gnaoi nó gur chaith fó lár.

Labhairt íseal is gníomh ard,
 50 re neoch riamh níor ghang a glór ;
 a toirbheart gibé dhá raibh,
 níor mhaoidh riamh gur mhaith ná mór.

Do deargthaoi í roimh gach aon ;
 níor ghuais d'éinneach taom dá tár ;
 55 a lámh níor lot acht a crodh ;
 uras bheith ar thol na mná.

Ar son Dé, gach duine bocht,
 níor dhiúlt sise nocht ná truagh,
 ná neach i n-easbhaidh ar bith,
 60 *gion go mairfeadh san tigh a luagh.

Olc fá éara, réidh fá rún,—
 gá dtám dhó, ag súd an chiall
 fá a bhfuair sise tar gach mnaoi
 mo ghean féin is mo gnaoi riamh,

65 Ní fhaca éinneach fón ghréin,
 i bhfogas dó ná i gcéin uaidh,
 a gnúis mhíolla do chráidh fear
 nách dtiubhradh dhi gean ar n-uair.

70 Do dhearbhóchainn as a hucht, *on her behalf*
 do réir aithne gach lucht gráidh,
 nách raibh éanlocht ar a gnaoi
 acht a beith ina mnaoi a-mháin.

75 An toil tugsam leath ar leath
 dá chéile, cé do mheath sí,
 go dtuíteadh an ré is an ghrian
 níor shaoil sinn go mbeadh gan bhrígh.

80 Acht an bríogh dá bhfuilim dhó,
 an bhean-soin dár mhó mo ghrádh
 (tearc maith ina cóir do luadh),
 mo chrádh ! rí raibh buan a páirt.

Gá dtám ris, is é a dhearbh,—
 ní thug máthair dá leanbh grádh,
 's ní thug maighre searc do shruth,
 nách dtug mise dá cruth nár.

85 An toil tugas dá cruth grinn
 ní thug lacha do linn riamh,
 ní thug eilit dá laogh beag,
 's ní thug éan dá nead a trian.

90 Gach dúil eile dár chum Dia—
 ní bhiad ris níos sia dá luadh—
 ní thugsad d'aroile searc
 nách dtug mise 's an bhean uan.

Gan choir do ghníomh ná do rún
 acht ar shilleadh súl a-mháin
 95 atáim agus ise fós,
 ó do thionsgain tós ar ngráidh.

An chríoch fá bhfuilim dom sgéal
 (ní chuirfe mé bréag im rún),—
 100 an bhean-soin dár mhó mo shearc
 do chuaidh sí dom ghean ar gcúl.

Créad an t-adhbhar fós ná an choir
 ní tuigthear dhamh thoir ná thiar,
 mo chumann fár tréigeadh lé ;
 ag sin bríogh mo sgéil 's a chiall.

105 Nách olc fuaras† a cruth saor,
 má do thuilleas fraoch nó fuath,
 nár iarr oram ceart 'na dáil,
 sul cuireadh lé dom pháirt suas !

Móide mheasaim olc 'na cúis,
 110 dá ndéanainn coir re a gnúis shéimh,
 gurb aithne do chúl na sreath
 go bhfuigheadh uaim a breath féin.

Ó nách dearnas coir, dar liom,
 *re a cúl fáinneach fionn fiar,
 115 nách olc an ceart dá dreich náir
 mar do tréigeadh mo pháirt ria ?

An ní dá dtáim tuigthear uaim,—
 an bhean-san do chuaidh óm réir,
 an géin mhairfeas rinn mo dhearc,
 120 ní chreidfe mé bean dá héis.

A dhuine lerb áil do leas,
 gabh mo theagasg dleacht gan ghó,—
 do mhnaoi tré a beith séaghainn suairc
 ná creid choidhche uair do ló.

125 Ná creid tromdhacht gé madh mór,
 ná creid crábhadh, ná taobh greann,
 ná creid ciúnas céillidh ceart,
 ná creid comhrádh beacht 'na cheann.

130 Ná creid fuighle fáthach fíor, *wise*
 ná creid eagla shíor roimh ghráin,
 ná creid aigneadh fairsing fial,
 ná creid cumann dian ó mhnáibh.

135 Ná creid binnghlór banda búidh, *gentle*
 ná creid uaigneas rúin fá réidh,
 ná creid díoghrais, muirn ná gean,
 's ná creid im dhiaidh bean ar mhéin.

Móide milse lán do mhil
 ó mhnaoi chumainn, ná creid dhóibh ;
 searbhas is deireadh dá mblas ;
 140 ná creid uaithe snas a beóil.

Mo mhallacht ort, gibé thú,
 a fhir thuigeas rún mo rann,
 má chreidir go héag do mhnaoi
 's a liacht acasamh daoí ann.

145 Do dhuine chríonna tar mh'éis,
 dá gcuireadh a spéis go hán,
 ó nách bhfaghthar saoi gan locht,
 deacair taobhadh re toil mná.

Do chuaidh mo shúil tar mo chuid,
 oram féin ní bhfuil mo neart ;
 ní chreidim,—is cuma leam
 má tá an sgéal is fearr gan teacht.

5 Dá ngealltá mil ar gach mír
 dhamhsa, a bhean ó a mbím i bpéin,
 as t'fhocal ní fhuilim teann,—
 each do buaileadh 'na ceann mé.

10 Asam féin^{*} do beanadh leam,^{*} *tréim chosn féin do / mealladh mé*
 nochan as glór dár gheall sibh ;
 sástar an santach le bréig,
 truagh nár mealladh mé mar sin !

15 An gealladh-soin agad féin
 beag an tarbha 'na dtéid damh ;
 ní bhéaradh ar chrioth im chrúibh,
 dá mbeith cabhair dúinn i ngar.

20 Do chuaidh dhíomsa gan bheith bocht,
 ní hadhbhar do chosg mo phian ;
 t'fhocal-sa 'na ghealladh mná,
 's mé féin dona mar tám riamh.

An t-anam-sa an uair do mhar,
 truagh nár dhruideas i ngar duit ;
 duine dona adubhairt riamh
 go madh fearr ciall ná cuid.

- 25 Nó go gcreide mé na mná,
 ní chreideabh féin go bráth duit ;
 más í an mhaith is goire dhúinn,
 do chuaidh mo shúil tar mo chuid !
 —Eochaidh Ó Heódhasa,
 [Faon. Co. Fermanagh ; ob. 1613]

89

[2c]

- Tugas féin mo ghrádh ar fhuath,
 'na dheaghaidh ní buan mo ré ;
 mo mhíle mallacht go brách
 don té bhéaras grádh tar mh'éis !
- 5 Dá rosg mhall, dá folt mar ór,
 dá glór mar fhaidhe na gcuaich,
 dá mala chaoil, dá déad bhán,
 tugas féin mo ghrádh ar fhuath !
- 10 Dá béal dearg, dá brághaid bháin,
 dá láimh, dá teangaidh nách luath,
 cé nár mhaith a chlos do chách,
 tugas féin mo ghrádh ar fhuath !
- 15 Nion, ruis, dá onn, agus ailm,—
 a hainm ní chuireabh i gcruas,
 ise ní cheilfeam ar chách,—
 tugas féin mo ghrádh ar fhuath !
- 20 Annamh bean ar nách bia béim,
 an bhean úd do thréig mo luadh ; *
 dá madh fíor mise dá rádh,
 tugas féin mo ghrádh ar fhuath !

nion : ash-tree

onn : 'furge' (ash?)

ruis : elder-tree

ailm : elm (also palm tree ; pitch pine)

* do chuir sías dom ghrádh,
 nó do thréig mé tar éis
 é bhéith luaithe liam.

Thugas grádh don fhuath,
 cuirim suas don ghrádh ;
 ní fiú é bheith ris,
 do bhris sé ar a lán.

5 Córaide fuath dhó
 brón 'na dhiaidh do ghnáth ;
 do-ní fós, dar linn,
 tinn an duine slán.

10 An fuath cé gur mór,
 a chlódh ní badh cás ;
 féadfar sgaradh ris,—
 ní mar sin don ghrádh.

clavi, brechtáint air

15 Rochóir grádh don fhuath,
 buan duine 'na dhiaidh ;
 dá raibh grádh dod ghuin,
 ní fhóir luibh ná liaigh.

20 Do chonnarc-sa bean
 is fear uirthi i ngioll :
 nó go bhfuair sé bás,
 ní bhfuair grádh dá chionn.

Mise gibé mé
 béaraidh^x mé go buan ;
 gidh annamh a rádh,
 thugas grádh don fhuath !

mairfe mé

*x = méaraidh, fut. of mairim (v. Duanaire Finn,
 iii. 47)*

91

Suirghe an cheard do chleachtamar ;
 dá mbeith neart ar an éigean,
 is doilghe ná gach deacracha
 an ní cleachtar do thréigean.

5 Is maith buadh an bheatha-so,
 ní feas acht don té d'fhionnfadh ;
 *'na dhiaidh ní mór mo bheatha-sa,
 ar marthain is mó is iongnadh.

*An díomhaoineas rer dhealaigneas
 10 is crádh lem chroidhe a chuimhne ;
 fa-ríor is biadh bheathaigheas
 anois sinn, is ní suirghe !

Suirghe an cheárd do ghnáth do chleachtamaois
 riamh,
 Is cumann re mnáibh tar chách do bhrathamaois
 fial ;
 15 A thuigsin is cáir an grá gur bheathig sinn cian,
 Cé minic mhe i gcás 'na dhéaig go mblaiseamaois bia.

92

A fhir éadmhair 'gá mbí bean,
 éirigh fán gciath fear-mar-chách ;
 má tá tusa ar tí bheith réidh,
 ná tuig choidhche méin do mhná.

5 Éigean di bheith do na mnáibh,
 gibé páis a ngeóbhaidh tríd ;
 tá sí ar aimsir ag an ngrádh,
 ní haici féin a-tá sí.

10 Ná creid do radharc do shúl,
 leath a dtuigfe tú ná tuig,
 ná gabh sgéal dearbhtha acht 'na bhréig,
 éisteacht do chluas féin ná cluin.

15 Fulaing do spochadh go mín,
 ná cuir suim i ní fán ngréin ;
 isí sin an chríonnacht deit,
 bheith it óinmhid leimh gan chéill.

Ith biadh, is codail do sháith,
 's ná fionnadh sí do pháis bhocht ;
 beir an dá lathaigh do léim ;
 20 ar mhéin na mná-soin séid sop.

A fhir éadmhair ná féadan gan grá dhise,
 Séid sop ar mhéin do mhná limhe ;
 Mara ndéanair an méid sin, ar ghrá h'inig
 Éirig tar gach aongheilt i mbárr mire !

A fhir do-ní coiméad ar do mhnaoi,
 cuir i gcrích dhamh créad an fáth ;
 nó cionnas choiméadfair do bhean
 dá ndeachair a-mach go bráth ?

5 Bheith dá coiméad is tú is-tigh,
dar liom, ní maith† an chiall ;
dá n-iompaightheá lé do chúil,
do rachadh sí don chúil siar.

10 Dá mbeitheá-sa is í taobh re taobh,
do sméidfeadh sí go claon a dearc ;
dá mbeitheá ós coinne a dhá súl,
do dhéanadh sí mar siúd le fear.

15 Má théid sí go haifreann uait,
ná fan an uair sin dá héis ;
ná bí roimpi ná 'na diaidh ;
uch, a Dhia, cá ngeabhair lé?

94

A fhir do-ní an t-éad,
binn an sgéal do chor ;
ní tuilltear† é uait,
is† iongnadh gruaim ort.

5 Bean dhoidhealbhtha dhuaire
minic nach bhfuair gearn ;
gidh iongnadh leat é,
is leat féin do bhean !

10 A ghiolla na rún,
is ait dúinn do chor,
ag coimhéad do mhná,—
sin an fál gan ghort ! *

*Cf. A Miscellany of Irish Proverbs, p. 144: fál an an ngort
tar éis na foghla.*

Aon do chéad do chách
 atá slán mar taoi ;
 15 ní fáth eagla dhuit
 teanga i bpluic fád mhnaoi.

Ná creid neach dá mair
 ort dá brath go héag ;
 ná fágaibh-se an tír,
 20 a fhir do-ní an t-éad !

95

[22]

Meabhraigh mo laoidh chumainn-se,
 a bhean an chumainn bhréige :
 fuilngim feasta, is fulaing-se,
 bheith i bhféagmhais a chéile.

5 Teacht oram dá gcluine-se
 *i dtightheibh móra ná i mbothaibh,
 le cách orm ná cuiridh-se,
 ná cáin mé is ná cosain.

I dteampal ná i mainistir,
 10 cé madh reilig nó réadhmhagh,
 *dá bhfaice ná dá bhfaicear-sa,
 ná féach orm is ní fhéachfad.

Ná habair, 's ní aibéar-sa,
 *m'ainm ná fáth mo shloinnte ;
 15 ná hadaimh, 's ní aidéamh-sa,
 go bhfacas tú riamh roimhe.

96

A bhean chridhe chompánta,
 mar taoi, is amhlaidh do shaoileas ;
 bídh ann, a shuairc shoghrádhach,
 faol oile i gcroiceann caoireach.

5 Má tá nách beinn láindíleas,
 beag mo shuim ar thoil ndéinmhe ;
 do bhí mise im chláiríneach, *cripple, dwarf.*
 tuigim bacaighe bhréige !

10 Bíodh a dheimhin agaibhse
 arís oram nách brisfe ;
 ná fiuch dá thaobh t'fhallainge,
 ná caill cách oile is mise.

15 Misde a fhad gur aithneamar
 h'éadach agad 'gá iompádh ;
 ní misde ! ní loisgeabh-sa
 an mhéad mhaireas dom thiompán.

20 Do bhí mise i gConnachtaibh
 seal fada ag foghlaim chluana ;
 ná bean dúinn san obair-se,
 ní fhuil ionnad acht tuata !

Do b'fhada mé neamhthuigseach,
 luach mo mhúinte díom dlighe ;
 mé feasta ní meallfaidhear ;
 beannacht duit, a bhean chridhe.

25 A fhir chroidhe charaim-se,
do-bheir do thoil 'na tuile,
saoiltear le gach gadaighe
nách díleas neach sa chruinne.

Atá tusa malairteach,
30 *ní dhéanaim bacaighe bhréige ;
atáim umad amhairseach
ó do bhraitheas do mhéin-se.

Neach mar thú ní fhacasa ;
cách ort ní chaillfe mise ;
35 ní fhuil fiuch dom mhatal-sa
acht an mhéad do bhean ribhse.

Mise choidhche ód chaidreamh-sa
do chaillis, más luach tiompáin ;
ná bíodh ort 'na aithreachas
40 a bhfuil liomsa dod dhioghbháil.

Dá mbeinn le cluain d'ealadhain,
más cléireach mé nó tuata,
*ar neach do fhóirfeadh mh'anacair
do rachainn do chur cluana.
—*Eochaidh Ó Heódhasa.*

97

A bhean na lurgan luime
(gé taoi ainteann orainne !),
gé tám tinn ré mbás, a bhean,
ní budh cás linn do léigean.

oppressive, severe

5 Iomdha cúis fá madh cóir damh,
 a luirgneach lom, do léagadh :
 tú trá is cumhga croidhe,
 is burba 's is baoghlaighe.

Tú is caoile 's is cuimhge,
 10 tú is teó 'nar dtiomchailne,
 tú is fuaire uair eile,
 tú is cruaidhe 's is caintighe.

Gé tá bulla leat id láimh
 fá bheith liom pósta ón bpríomhfháidh
 15 (móide a ghrás cia do crochadh),
 ní cás le Dia ar ndealachadh.

Do bhulla, a bhréagóg fhallsa,
 ní fiadhain é oramsa ;
 bulla soin ar nách cóir cion,
 20 ní thoir sa Róimh do rinneadh.

A mheirdreach labharthach lonn,
 nách cruaidhe a hoiread d'iarann, *h'oiread*
 créad rom-beir re mnaoi dod mheas?
 gan geir a-taoi, gan toirrcheas.

x 25 Siobhlach ort a-nunn 's a-nall,
 seirbhe do ghuth ná an gafann ;
 cruth nách casmhail do dhuine
 do chruth arsaidh iarnaidhe.

Do bholg tana ar n-a tholladh
 30 maireg do-chí ar céadlongadh,
 tuar gorta go bráth, a bhean ;
 do lochta ar chách ní cheileabh.

x ? from far & near who have recourse to you

Gé nách beinn libhse ag lighe,
 fóirfidh Mac na Maighdine ;
 35 go mbeire mé a-nunn ar neamh
 an Té do chum an chéidbhean.

—*Mac-con Ó Cléirigh.*

98

✓
 ✓ Ní mheallfa tú mhise, a bhean,
 mar do mheallais fear gan chéill ;
 ar do sgéimh-se cé chuaidh clú,
 aithne dhamhsa cia thú féin.

✓ 5 Is gearr go rachair i gcré,
 cé náireach† do ghné is do chruth ;
 cé fuarais cion chinn na gcliar,
 ní fhuil ionnat acht biadh cnumh.

10 Do bhéal tana, do rosg mall,
 do chiabh cham, do mhala chaol,
 cé hálainn leat do dhá ghruaidh,
 rachaid san uaigh i measg daol.

*Ar do thaobh sleamhan trom,
 a bhean nár chrom chum bheith liath,
 15 's ar do cholpa séimhgheal cruinn
 níor thugtha dhamh druim re Dia.

Ní thiobhradh acht duine leamh
 druim re neamh ar ghrádh mná,
 cé hiomdha anois inar gcléir
 20 sagairt gan chéill do-bheir grádh. ✓

Creid gur bás duitse is críoch,
 cé geal do chíoch is do chorp ;
 déan aithrighe anois i dtráth,
 is ná léig uabhar d'fhás ort.

25 Lean Magdailéana go luath ;
 ag sin chugad sluagh an bháis ;
 déan ar Mhuire is ar a Mac,
 's tar gach éinní glac an Pháis.

99

Ní bhfuighe mise bás duit,
 a bhean úd an chuirp mar ghéis ;
 daoine leamha ar mharbhais riamh,
 ní hionann iad is mé féin.

Créad umá† rachainn-se d'éag
 don bhéal dearg, don déad mar bhláth ?
 an crobh míolla, an t-ucht mar aol,
 an dáibh do-gheabhainn féin bás ?

Do mhéin aobhdha, th'aigheadh saor,
 a bhas thana, a thaobh mar chuip,
 a rosg gorm, a brágha bhán,—
 ní bhfuighe mise bás duit.

Do chíocha corra, a chneas úr,
 do ghruaidh chorra, do chúl fiar,—
 15 go deimhin ní bhfuighead bás
 dóibh sin go madh háil le Dia.

Do mhála chaol, t'fholt mar ór,
do rún geanmnaidh, do ghlór leasg,
do shál chruinn, do cholpa réidh,—
20 *ní mhuirbhfeadh siad acht duine leamh.

A bhean úd an chuirp mar ghéis,
do hoileadh mé ag duine glic ;
aithne dhamh mar bhíd na mná ;
ní bhfuighe mise bás duit !

100

A bhean lán do stuaim,
cuinnibh uaim do lámh ;
ní fear gníomha sinn,
cé taoi tinn dár ngrádh.

5 Féach ar liath dom fholt,
féach mo chorp gan lúth,
féach ar thraoch dom fhuil,—
créad re bhfuil do thnúth ?

Ná saoil mé go saobh,
10 *arís ná claon do cheann ;
bíodh ar ngrádh gan ghníomh
go bráth, a shíodh sheang.

Druid do bhéal óm bhéal,—
*doiligh an sgéal do chor ;
15 ná bíom cneas re cneas,
tig ón dteas an tol.

Do chúl craobhach cas,
do rosg glas mar dhrúcht,
do chíoch chruinnghéal bhláith,
20 thairngeas mian† gach súl.

Gach gníomh acht gníomh cuirp,
is luighe id chuilt shuain,
do-dhéanainn tred ghrádh,
a bhean lán do stuaim.

110, 110, 110, 110
25
Loverly
Lead, weight
ell. w. fa. lín a ts

A fhinnebhean tséimh shéaghanta shárchaoín tsuairc
Na muirearfholt réig raonfholtach fá a ndíol gcuach,
Is iongna an ghné thaomanach fhásaíos uait ;
Cé duilig an sgéal, tréig me agus tág dhíom suas. *

x, with flour
hair

Do-bhirim-se fém bhréithir, dá mbáití an slua
30 San tuile do léig Vénus 'na táclai anuas, *bresses*
† A bhurraiceach bhé mhéarlag na mbánchíoch gcruaig,
Is tusa mar aon chéidbhean do fágfaí im chuan.

—*Séathrún Céitinn.*

† ? cf. *Dinn. bairraiceach, a fair lady*
bairraiceach fresh, full, rounded ; n. a strong fresh person

101

Cia thú féin, a mhacaoimh mná ?
innis damhsa ar ghrádh Dé ;
díleas mise, maith mo rún ;
cá tír duit, nó cia thú féin ?

5 A Dhé nimhe na naoi ngrádh !
a mhacaoimh mná na mbas n-úr,
an dtáinig do leithéid riamh ?
cá tír duit féin, nó cia thú ?

* ? 'tag = tóg cf. *tóg am do, I get up off.*
release, abandon, tóg dhóim, let me go, leave me.

10 Iarraim féin d'athchuinghe ort,
 a ghnúis aobhdha, a fholt mar ór,
 ar ghrádh th'einigh tuig thú féin,
 eidir chruth is chéill is ghlór.

15 Más as deilbh atá do dhóigh,
 nó as uaisle an phóir dá bhfuil sibh,
 as saidhbhreas, as maith, nó as méin,
 abair féin nách bhfuil tú glic.

Más álainn leat do ghruaidh gheal,
 geal an sneachta, beag a luach ;
 *atá an buafallán buidhe fós,
 20 más buidhe ná an t-ór do ghruag.

rag - weed.

Más dearg leat do leaca shaor,
 is lór deirge na gcaor gcon ;
 más dubh leat do mhala mhín,
 duibhe ná sin lí na lon.

25 Más glas leat féin do shúil mhall,
 gloise ná í barr an fheóir ;
 bídh guth ceóilbhinn ag an gcuaich,
 más binn leat féin fuaim do bheóil.

30 Ní bhfuil san ghlór fhaoilidh ait,
 muna raibh méin mhaith dá chóir,
 ní bhfuil san chruth shéaghainn shuairc,
 acht cloidheamh luaidhe i dtruaill óir.

Gach duine cruaidh lán do mhaoin,
 cuma liom do mhnaoi nó d'fhior,—
 35 ag sin agaibh mar gach ní
 ainm an tí do sgríobh an nion.

Cuir i gceann do námhad féin
 th'ainm 's do shloinneadh, ci-bé fáth ;
 ní thuigfe a bhfuil i nÁth Cliath
 40 cia thú féin, a mhacaoimh mná.

[23]

102

*cf. Nat. Libr.
 Gaelic Ms. xxxv,
 fol. 82 b & foot of
 83 a.*

Bréagach sin, a bhean !
 ní beag seal don bhaois ;
 smachtaigh h'aigheadh óg
 a bhfuil ród dot aois.

5 Ainic thú ar an éag ;
 cuimhnigh, a ghéag ghlan,
 bláth an domhain daoir
 nách sealbh daoibh ná dhamh.

10 As bais, {as} méir mhaoith,
 ná déan baois, a bhean ;
 gibé is buaine ré
 ní mhairfe sé acht seal.

Ná déan eisdibh uail,—
 gearr san uaigh go mbiad—
 15 na lúba ar lí an óir,
 ná tug dot óidh iad.

Bíoth h'aire ar an uaigh,
 ná sill an ghruaidh gheal,
 san tsúil mharbhghlais mhuill
 20 ná cuir suim ná seadh.

San troigh rochruinn réidh
 ná fagh-sa féin fonn ;
 taobh nách taise clúmh
 tuig nách tú do chom.

25 Beid mar bhláth an fhiaigh
 (i gcriaidh ní cóir teann)
 snuadh h'ochta mar aol,
 do bhruinne shaor sheang.

I dtalmhain (tuar leóin)
 30 smuain fa dheóidh do dhul ;
 biaidh a ghné mar ghual,
 an béal go snuadh subh.

Ar ndol duit i gcré,
 mise gidh mé ann,
 35 ní thiobhrainn riot taobh,
 a chúl na ggraobh gam.

Ret fhaicsin, a fholt fiar,
 do chuaidh mo chiall uaim ;
 duit, a bhruingheal bhán,
 40 badh aithreach lá an Luain.

Tuirseach dhamh 'na ndeóidh,
 briathra do bheóil bhinn ;
 do ghlór síthe sáimh,
 ní mé a-mháin do mhill.

45 Ná bí baoth do ghnáth,
 cuimhnigh cách ag éag ;
 an folt fleasgach fann,
 ní fhuil ann acht bréag.

—Anluan Mac Aodhagáin.

[Fl. early 17th cent. Participated in
Gomarblaigh na h-Éireann.]

103

Congaibh ort, a mhacaoimh mná,
 gabh mo theagasg madh áil leat :
 *congaibh h'intinn go fóill,
 cuimhnigh oram, ná pós fear !

5 Gion go ngeabhthá teagasg uaim,
 a stuaigh mhíolla na ngruaidh ngeal,
 (ní haithnidh dhuit mé go fóill),
 cuimhnigh oram, ná pós fear !

10 Má tá nách aithnidh dhuit féin
 an corp seang nách léir do neach,
 nó an chíoch chruinn ceiltar le sról,
 cuimhnigh oram, ná pós fear !

15 Ná braitear do ghrádh ná t'fhuath,
 ná nocht h'intinn go luath leamh,
 ceil do rún, taisigh do phóg,
 cuimhnigh oram, ná pós fear !

20 Cuimhnigh oram, ná pós fear,
 tiocfa mise, an mar tá,
 dot fhéachain gidh deacair tocht ;
 congaibh ort, a mhacaoimh mná.

104

Th'aire riot, a mhacaoimh mná!
 ná faicthear do lámh ná th'ucht;
 ná déan suirghe re n-a lán,—
 beag an fáth fá bhfaghthar guth.

5 Ná faicthear fós do chneas mhín,
 ná an ghruaidh dhonn ar lí na subh,
 dá bhféatá a bhfolach ar chách,—
 beag an fáth fá bhfaghthar guth.

*Dod dheóin ná faiceadh neach
 10 th'fhabhra leasg nách guirme sruth,
 th'fholt mar ór ná an bhrágha bhán,—
 beag an fáth fá bhfaghthar guth.

Ná faiceadh bean chumainn féin
 an troigh réidh ná an mhala dhubh;
 15 ná léig ris do dhéad go bráth,—
 beag an fáth fá bhfaghthar guth.

Ná faiceadh an té red thaoibh,
d'éis tar éis bhar dtriubhais daoibh do chur,
 leithead buinn dod cholpa bhán,—
 20 beag an fáth fá bhfaghthar guth.

Ná féach air acht fear-mar-chách,
 ná léig fós a lámh it ucht,
 ná déan gáire le fear mná,—
 beag an fáth fá bhfaghthar guth.

25 Ná taithigh aonach ná sráid,
 ná déan dáil re fear gan sult,
 ar éinneach ná déana tár,—
 beag an fáth fá bhfaghthar guth.

30 Fá dhuille craobh soir ná siar
 ná héirigh fón tsiabh go much ;
 ná déan cuinne, seachain ált,— *deep narrow glen*
 beag an fáth fá bhfaghthar guth !

105

Sguir dod shuirghe, lean dod leas,
 ná bí éasgaidh ar h'aimhleas ;
 smuain, a bhean, an bráth id chionn
 gach tráth, neamh, uaigh is ifreann.

5 Ní buan antoil na hóige,
 ná hoir don chorp chréafóige ; *earth, dust, clay.*
 tuig go dtéid gach ní fó neimh
 gan bhréig sa chlí ór chéidghein.

10 Ná car na daoine deasa
 charas tú d'fhonn t'aimhleasa ;
 ceil do chaidreabh caoin orra,
 ná sgaoil t'aigheadh eatarra.

15 Dá n-éistir a reacfaid ribh,
 ataoi i mbaoghal uair éigin
 go mbréagfa an séad suirghe sibh,
 an bhréag, nó fuighle féinnidh.

Léigid orra, d'fhonn t'fheise,
 éag d'aonghrádh do dheilbhe-se ;
 a ghrádh, ná creid go gcaraid,
 20 bleid a lán dá luathchanaid.

Má tá leat do leas i ndán,
 seachain suirghe na n-ógán,
 a bhean na gciabh bhfraistiogh bhfionn,
 nách biadh h'aistear go hifreann.

25 Fearr mar lón lá na Cuinne
 Dia ná aoinfhear againne ;
 ag so an Fear is dile dhuibh,
 a bhean mo chridhe, is caraidh.

30 Ní bhia póg mar luach leasa
 uait ann, ná uain aighneasa
 dhuit ón Fhior nách cam cridhe ;
 a-niogh am na haithrighe !

Ní beag dhamh a ndubhart ribh ;
 cuirim thú ar dhíon an Dúilimh ;
 35 guidhe Ríogh an Luain do leas,
 dod dhíon gach uair ar h'aimhleas.

—*Muiris (mac Dháiví Dhuibh) Mac Gearailt.*

106

A ógáin,
 do-ní suirghe re hógmhnáibh,
 mall do-ní réir an Choimdhe,
 <is> duit bhus doilghe, a ógáin.

5 A ghille,
do-ní uail as do ghile,
saoile féin nách fuil claochlódh
id bhaothghlór bhaoth gan bhrighe.

Ní cheileabh
10 do cháil féin ort fá dheireadh :
ciodh mór th'uail agus t'anlán,
is tú an marbhán meirtneach.

Mór h'uabhar
as do chorp nách glan cnuasach ;
15 a ndéin d'antoil do chalann
biaidh ar h'anam 'na ualach

A thruaighe,
ní thuige (cá ní is cruaidhe !)
an té iné do bhí id chomann
20 iniu i gcomhthrom na huaighe.

Lá éigin,
iar n-éag ag íoc bhar bpéine,
tusa is bean an déid daithghil
sínfidh bhar n-aire ó chéile.

25 Searbh libhse
mo theagasg ar mhaith ribhse ;
ní misde leam don chur-sa ;
gearr mhairfeas tusa is ise.

Cúis chaointe
30 dhamhsa nách mé féin chaoinim,
is gur mó mh'uile ar séana
ná uile chéata do dhaoinibh.

A Rí chalma,
ní fiú mé trém olc th'agra ;
35 gidh eadh, is fiú dod ghrásaibh
mo dhíon ar námhaid mh'anma.

—*Muiris (mac Dháivi Dhuibh) Mac Gearailt (?)*.

CLÁR NA GCÉAD-LÍNTE

	LCH.
Abair leis ná déanadh éad	103
A bhean atá lán dom fhuath	112
A bhean chridhe chompánta	128
A bhean éaras imtheacht liom	96
A bhean fuair an falachán	17
A bhean lán do stuaim	133
A bhean na gcíoch gcórrsholas	41
A bhean na lurgan luime	129
A dhuine chollas go sáimh	45
A fhir chroidhe charaim-se... ..	129
A fhir do-ní an t-éad	126
A fhir do-ní coimhéad ar do mhnaoi	125
A fhir éadmhair 'gá mbí bean	124
Aghaidh gach droichsgéil a-mach !	11
Aisling thruagh do mhear mise	63
Aithreach damh mo dhíchoisge	81
A mhac-alla dheas	26
An gcluine mé, a mhacaoimh mná ?	52
An sgítheach tú, a mhacaoimh mná ?	95
A ógáin, do-ní suirghe re hógmhnáibh	141
Aoibhinn, a leabhráin, do thriall	1
Aoibhinn an galar grádh mná	2
Aoibhinn duit, a dhuine dhoill !	36
Ar mbeannacht mar dhlighim dheit	44
Atá grádh nách admhaim oirn	40
Baoghal dí, la an Bhreitheamhnais	79

Beag linn ar mbeannacht don mbás	13
Bréagach sin, a bhean !	136
Buaidheartha an giolla é an grádh	83
Céad slán iomráidh do na mnáibh	3
Cia thú, a mhacaoimh mná ?	69
Cia thú féin, a mhacaoimh mná ?	134
Cionnas atá m'éanghrádh-sa	19
Coisg do dheór, a mhacaoimh mná	16
Congaibh ort, a mhacaoimh mná	138
Corrach do chodlas a-réir	93
Cridhe lán do smuaintighthibh	73
Cridhe so dá ghoid uainne	70
Cumann do cheangail an corr	107
Cumann fallsa grádh na bhfear	106
Dar liom is galar é an grádh	71
Deacair taobhadh re toil mná	115
Deacair tocht ó ghalar gráidh	88
Do-bhéaram seal re saobhnós	7
Do cuireadh bréag ar an mbás	46
Do chuaidh mo shúil tar mo chuid	121
Fada ag seargadh sionn	48
Fada ar gcomhthrom ó chéile	78
Féach féin an obair-se, a Aodh	55
Féach orm, a inghean Eóghain	20
Fir na Fódla ar ndul d'éag	5
Fuar dó féin an croidhe tinn	28
Gluais, a litir, ná léig sgís	35
Goirt anocht deireadh mo sgéal	74
I mbrat an bhrollaigh ghil-se	18
Innis dise, gibé mé	75
Ionmhain, a bhean, h'oirneadh folt	33
Is aoibhinn duit, a dhuine dhuill	37
Is mairg thaobhas bean im dhiaidh	108
Leatrom so, a inghean Úna	80

1. *Quiggin, Book of the Dean of Lismore, p 75*
 2. *v. Rel. Cel. II, 290.*
 3. *v. Rel. Cel. I, 140.*

Léig díot t'airm, a mhacaimh mná	34
Luithe cú ná a cuideachta	103
✓ Mairg adeir olc ris na mnáibh	4
Mairg atá san mbeathaidh-se	75
Mairg darab galar an grádh,	63,	74
Mairg dara galar grádh baoth	30
Mairg do-bheir grádh leatromach	72
Mairg do-ní cumann le mnáibh	108
Mairg duine bhíos antuigseach	102
3 Mairg duine bhraitheas é féin	113
Mairg dhúinn dár dhán	50
Maith gach ní ón easurradh	77
Meabhraigh mo laoidh chumainn-se	127
Mealltar bean le beagán téad	97
Mo-chion dár lucht abarthaigh	100
Mór mhilleas an mheanma bhaoth	84
Mór mo ghalar do ghrádh mná	31
Ná bí dom b(h)uaidhreadh, a bhean	24,	60
Neimhthinn an galar é an grádh	10
Ní bhfuighe mise bás duit	132
Ní hadhbhar seargtha go seirc	90
Ní mé bhar n-aithne, a aos gráidh	66
Ní mhair séan do ghnáth	105
Ní mheallfa tú mise, a bhean	131
Ní taobhtha dhamhsa riom féin	65
Ní tinn galar acht grádh rúin	87
Ní truagh galar acht grádh falaigh	32
Och, och, a Mhuire bhúidh	38
Saobh do chiall, a chroidhe leamh	29
Seachnaidh súil ní nách faiceann	111
Sgéal ar dhiamhair na suirghe	8
Sguir dod shuirghe, lean dod leas	140
'Sí mo ghrádh an bhean is mó bhíos dom chrádh	25
2. Soraidh slán don oidhche a-réir	51

Suirghe an cheard do chleachtamar	124
Th'aire riot, a mhacaoimh mná	139
Taisigh agat féin do phóg	104
Truagh do bheatha, a bhean a-réir	99
Truagh giorra na hoidhche a-réir	61
Truagh mo dháil le deich laithibh	54
Tugas féin mo ghrádh ar fhuath	122
Thugas grádh don fhuath	123
Tuirseach sin, a mhacaoimh mná	14
Uchán ! is truagh mh'aisling	85
Uch, fa-ríor ! ní aithnim uisge seoch fíon	92

CLÁR NA N-ÚDAR

D'uimhreacha na ndánta atá na figiúirí ag tagairt.

- Mac Aodhagáin, Anluan, 102.
 Mac Bruaideadha, Domhnall mac Dáire, 86.
 Do Búrc, Riocard, 5.
 Mac an Bhaird, Laoiseach, 6, 11.
 — Ní Mhic Cailín, Isibeul, 54.
 Mac Carthaigh, Domhnall (Iarla Chloinne Carthaigh), 30, 44.
 Céitinn, Séathrún, 100.
 Ó Cléirigh, Cúchonnacht, 8.
 ——— Mac-con, 97.
 Ó Cobhthaigh, Tadhg, 69.
 Ó Dálaigh, Cearbhall, 19.
 ——— Tadhg mac Diarmada, 31.
 Ó Domhnaill, Maghnas, 49, 50, 51, 52, 53.
 Feiriteur, Piaras, 26, 66 (?). *v. Rel. Celt. II. 289**
 Mac Gearailt, Gearóid (Iarla Dheasmhumhan), *v. Gearóid Iarla.*
 ——— Muiris mac Dháiví Dhuibh, 105, 106 (?).
 Ó Géaráin, 16.
 Gearóid Iarla, 4. *← Fearflatha Ó Grímh, 20*
 Ó Heódhasa, Eochaidh, 47 (?), 88, 96.
 — Ó Maoilchiaráin, Fearchar, 14.
 — Mac Muireadhaigh, Niall Mór, 38. *v. Rel. Celt. II, 290*
 Uilliam Ruadh (Mac Coitir?), 29.

** where apparently attributed to
 Cathal Mac Muireadhaigh.*

07. 1. 1.

1.

1. 1. 1.

1. 1. 1.

-ó--ó--a--i
-ó--ó--a--i
-ó--ó--a--i
(-)-ó--ó(-)-a--i

Slacht gcúil 11

naon gcúil 30

ocht gcúil 31

dá choll 43

Fearchar Ó Daoilchiaráin p.18.

no.27 Seoltish?

cailín ó chóis tSúire. p.98.

tuircheas na heisce is é sain }
doigh sheisce trem chlé do chuir } p.93.

[Faint handwritten text]

A VII C

7

\bar{r}

C $\frac{R}{B}$ A

R

C

X

leamh p. 105.

Eaitir Co. Dubh

éalach 56.

leamh géim p. 45

284
10/11

sette

upst
insp/usi
su
u

o e n
=

upst

upst
u
o e n

N R O M A = O N O R A

Sistla

MAOIC

insp

IXC

IN

SVDL I, IV, VIII, XIII

